

17.4.2024

A9-0008/ 001-072

LEASUITHE 001-072

ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

Tuarascáil

Assita Kanko

A9-0008/2024

Aistriú imeachtaí in ábhair choiriúla

Togra le haghaidh rialacháin (COM(2023)0185 – C9-0128/2023 – 2023/0093(COD))

Leasú 1

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(7) Ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir le gach iarraidh arna n-eisiúint faoi chuimsiú imeachtaí coiriúla.

Is coincheap uathrialach de dhlí an Aontais iad imeachtaí coiriúla arna léiriú ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, d'ainneoin cásdlí na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine, a thosaíonn ón tráth a chuireann údaráis inniúla Ballstáit duine ar an eolas go bhfuil drochamhras faoi go ndearna sé cion coiriúil nó tráth a chuirtear cion coiriúil ina leith go dtí go dtugtar na himeachtaí sin i gcrích, atá le tuiscint mar an cinneadh deiridh cinntitheach maidir leis an gceist, cé acu a rinne nó nach ndearna an duine sin an cion coiriúil, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, an phianbhreith a ghearradh agus aon achomharc a réiteach.

Leasú

(7) Ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir le gach iarraidh arna n-eisiúint faoi chuimsiú imeachtaí coiriúla.

Leasú 2

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 16

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(16) Foráiltear leis an Rialachán seo dlínse i gcásanna sonracha, chun a áirithiú gur féidir leis an Stát iarrtha dlínse a fheidhmiú i dtaca leis na cionta coiriúla a bhfuil dlí an Stáit iarrthaigh infheidhme maidir leo, i gcás imeachtaí coiriúla atá le haistriú i gcomhréir leis an Rialachán seo, i gcás ina gceanglaítear amhlaidh ar mhaithe le riar cuí éifeachtúil an cheartais. Ba cheart dlínse a bheith ag an Stát iarrtha chun na cionta coiriúla dá n-iarrtar aistriú a thriail, tráth ar bith a mheastar gurb é sin an Ballstát is fearr chun ionchúiseamh a dhéanamh.

Leasú 3

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 17

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(17) Ba cheart dlínse **den sórt sin** a bhunú i gcásanna ina ndiúltaíonn an Stát iarrtha duine atá faoi dhrochamhras nó duine atá cúisithe ar eisíodh barántas gabhála Eorpach ina leith a thabhairt suas agus atá i láthair sa Stát iarrtha agus ar náisiúnach den Stát sin é nó a bhfuil cónaí air sa Stát sin, i gcás ina bhfuil diúltú den sórt sin bunaithe ar fhorais shonracha a luaitear sa Rialachán seo. Ba cheart dlínse a bheith ag an Stát iarrtha freisin i gcás ina dtarlaíonn éifeachtaí an chiona choiriúil nó an damáiste a bhaineann leis go príomha sa Stát iarrtha. Ba cheart damáiste a chur san

Leasú

(16) Foráiltear leis an Rialachán seo dlínse i gcásanna sonracha, chun a áirithiú gur féidir leis an Stát iarrtha dlínse a fheidhmiú i dtaca leis na cionta coiriúla a bhfuil dlí an Stáit iarrthaigh infheidhme maidir leo, i gcás imeachtaí coiriúla atá le haistriú i gcomhréir leis an Rialachán seo, i gcás ina gceanglaítear amhlaidh ar mhaithe le riar cuí éifeachtúil an cheartais **agus le ceartha bunúsacha na ndaoine atá faoi dhrochamhras nó na ndaoine atá cúisithe, chomh maith le ceartha bunúsacha na n-íospartach, a chosaint go héifeachtach, mar a chumhdaítear i ndlí an Aontais**. Ba cheart dlínse a bheith ag an Stát iarrtha chun na cionta coiriúla dá n-iarrtar aistriú a thriail, tráth ar bith a mheastar gurb é sin an Ballstát is fearr chun ionchúiseamh a dhéanamh.

Leasú

(17) **Le cois an dlínse a chinntear cheana le dlí náisiúnta an Stáit iarrtha**, ba cheart dlínse a bhunú **bunaithe ar fhorais shonracha a luaitear sa Rialachán seo i gcás ina meastar gurb é an Ballstát sin an Ballstát is fearr chun ionchúiseamh a dhéanamh. Ba cheart dlínse a bheith ag an Stát iarrtha i** gcásanna ina ndiúltaíonn an Stát iarrtha duine atá faoi dhrochamhras nó duine atá cúisithe ar eisíodh barántas gabhála Eorpach ina leith a thabhairt suas agus atá i láthair sa Stát iarrtha agus ar náisiúnach den Stát sin é nó a bhfuil cónaí air sa Stát sin, i gcás ina bhfuil diúltú den

áireamh tráth ar bith a mbíonn sé ar cheann de na comhghnéithe den chion coiriúil, i gcomhréir le dlí an Stáit iarrtha. Ba cheart dlínse a bheith ag an Stát iarrtha freisin i gcás ina bhfuil imeachtaí coiriúla ar siúl cheana féin sa Stát sin in aghaidh an duine atá faoi dhrochamhras nó an duine atá cúisithe i leith fíorais eile ionas go bhfeadfaí breithiúnas a dhéanamh ar choiriúlacht an duine sin in aon imeacht coiriúil amháin, nó i gcás ina bhfuil imeachtaí coiriúla ar siúl sa Stát sin in aghaidh daoine eile i leith na bhfíoras céanna nó fíorais ghaolmhara, a d'fhéadfadh a bheith ábhartha go háirithe chun an t-imscrúdú agus an t-ionchúiseamh ar eagraíocht choiriúil a chomhchruinniú in aon Bhallstát amháin. Sa dá chás, ba cheart an duine atá faoi dhrochamhras nó an duine atá cúisithe sna himeachtaí coiriúla atá á n-aistriú a bheith ina náisiúnach den Stát iarrtha nó cónaí a bheith air sa Stát iarrtha.

sórt sin bunaithe ar fhorais shonracha a luaitear sa Rialachán seo. *Mar shampla, is féidir Airteagal 4(7) de Chinneadh Réime 2002/584/CGB a chur i bhfeidhm i gcásanna ina ndéanann náisiúnaigh tríú tír cionta i gcríoch Stáit iarrtha nó i dtríú tír. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin maidir le coireanna tromchúiseacha a sháraíonn luachanna bunúsacha an chomhphobail idirnáisiúnta, amhail coireanna cogaidh nó cinedhióthú, i gcás ina bhféadfadh baol a bheith ann go mbeadh sairse ó phionós ann de bharr barántas gabhála Eorpach a bheith diúltaithe.* Ba cheart dlínse a bheith ag an Stát iarrtha freisin i gcás ina dtarlaíonn éifeachtaí an chion coiriúil nó an damáiste a bhaineann leis go príomha sa Stát iarrtha. Ba cheart damáiste a chur san áireamh tráth ar bith a mbíonn sé ar cheann de na comhghnéithe den chion coiriúil, i gcomhréir le dlí an Stáit iarrtha. Ba cheart dlínse a bheith ag an Stát iarrtha freisin i gcás ina bhfuil imeachtaí coiriúla ar siúl cheana féin sa Stát sin in aghaidh an duine atá faoi dhrochamhras nó an duine atá cúisithe i leith fíorais eile ionas go bhfeadfaí breithiúnas a dhéanamh ar choiriúlacht an duine sin in aon imeacht coiriúil amháin, nó i gcás ina bhfuil imeachtaí coiriúla ar siúl sa Stát sin in aghaidh daoine eile i leith na bhfíoras céanna nó fíorais ghaolmhara, a d'fhéadfadh a bheith ábhartha go háirithe chun an t-imscrúdú agus an t-ionchúiseamh ar eagraíocht choiriúil a chomhchruinniú in aon Bhallstát amháin. Sa dá chás, ba cheart an duine atá faoi dhrochamhras nó an duine atá cúisithe sna himeachtaí coiriúla atá á n-aistriú a bheith ina náisiúnach den Stát iarrtha nó cónaí a bheith air sa Stát iarrtha.

Leasú 4

**Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 20**

(20) Ní dhéanann an Rialachán seo difear do chearta nósanna imeachta mar a chumhdaítear iad i ndlí an Aontais, amhail an Chairt, agus Treoracha 2010/64/AE⁵⁴, 2012/13/AE⁵⁵, 2013/48/AE⁵⁶, (AE) 2016/343⁵⁷, (AE) 2016/800⁵⁸ agus (AE) 2016/1919⁵⁹ um chearta nósanna imeachta.

(20) Ní dhéanann an Rialachán seo difear do chearta nósanna imeachta mar a chumhdaítear iad i ndlí an Aontais, amhail an Chairt, agus Treoracha 2010/64/AE⁵⁴, 2012/13/AE⁵⁵, 2013/48/AE⁵⁶, (AE) 2016/343⁵⁷, (AE) 2016/800⁵⁸ agus (AE) 2016/1919⁵⁹ um chearta nósanna imeachta. ***Ba cheart don údarás iarrthach a áirithiú go n-urramófar na cearta nós imeachta faoi dhlí AE agus faoin dlí náisiúnta, agus aistriú imeachtaí coiriúla á iarraidh faoin Rialachán seo.***

⁵⁴ Treoir 2010/64/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2010 maidir leis an gceart chun ateangaireachta agus chun aistriúcháin in imeachtaí coiriúla (IO L 280, 26.10.2010, lch. 1).

⁵⁵ Treoir 2012/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir leis an gceart i gcomhair faisnéise in imeachtaí coiriúla (IO L 142, 1.6.2012, lch. 1).

⁵⁶ Treoir 2013/48/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013 maidir leis an gceart rochtana ar dhlíodóir in imeachtaí coiriúla agus in imeachtaí maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach, agus leis an gceart chun tríú páirtí a chur ar an eolas maidir le cailleadh saoirse agus chun cumarsáid a dhéanamh le tríú daoine agus le húdaráis chonsalachta nuair a chailltear an tsaoirse (IO L 294, 6.11.2013, lch. 1).

⁵⁷ Treoir (AE) 2016/343 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le neartú ar ghnéithe áirithe de thoimhde na neamhchiontachta agus den cheart chun bheith i láthair le linn na trialach in imeachtaí coiriúla (IO L 65, 11.3.2016, lch. 1).

⁵⁸ Treoir (AE) 2016/800 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an

⁵⁴ Treoir 2010/64/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2010 maidir leis an gceart chun ateangaireachta agus chun aistriúcháin in imeachtaí coiriúla (IO L 280, 26.10.2010, lch. 1).

⁵⁵ Treoir 2012/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir leis an gceart i gcomhair faisnéise in imeachtaí coiriúla (IO L 142, 1.6.2012, lch. 1).

⁵⁶ Treoir 2013/48/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013 maidir leis an gceart rochtana ar dhlíodóir in imeachtaí coiriúla agus in imeachtaí maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach, agus leis an gceart chun tríú páirtí a chur ar an eolas maidir le cailleadh saoirse agus chun cumarsáid a dhéanamh le tríú daoine agus le húdaráis chonsalachta nuair a chailltear an tsaoirse (IO L 294, 6.11.2013, lch. 1).

⁵⁷ Treoir (AE) 2016/343 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le neartú ar ghnéithe áirithe de thoimhde na neamhchiontachta agus den cheart chun bheith i láthair le linn na trialach in imeachtaí coiriúla (IO L 65, 11.3.2016, lch. 1).

⁵⁸ Treoir (AE) 2016/800 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an

11 Bealtaine 2016 maidir leis na coimircí nós imeachta do leanaí atá faoi dhrochamhras nó do dhaoine atá cúisithe in imeachtaí coiriúla (IO L 132, 21.5.2016, lch. 1).

⁵⁹ Treoir (AE) 2016/1919 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le cúnamh dlí do dhaoine atá faoi dhrochamhras nó daoine atá cúisithe in imeachtaí coiriúla agus do dhaoine iarrtha in imeachtaí faoi réir barántas gabhála Eorpach (IO L 297, 4.11.2016, lch. 1).

Leasú 5

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 23

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(23) Leis an Rialachán seo, níor cheart aon oibleagáid a fhorchur maidir le haistriú imeachtaí coiriúla a iarraidh. Nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ar ***cé acu is ceart nó nach ceart*** iarraidh ar aistriú imeachtaí coiriúla a eisiúint, ba cheart don údarás iarrthach scrúdú a dhéanamh ***ar cé acu atá nó nach bhfuil gá le haistriú*** den sórt sin agus ***cé acu atá nó nach bhfuil sé iomchuí***. Ba cheart an measúnú sin a dhéanamh ar bhonn cás ar chás chun go sainnithneofar an Ballstát is fearr chun an cion coiriúil atá i gceist a ionchúiseamh.

11 Bealtaine 2016 maidir leis na coimircí nós imeachta do leanaí atá faoi dhrochamhras nó do dhaoine atá cúisithe in imeachtaí coiriúla (IO L 132, 21.5.2016, lch. 1).

⁵⁹ Treoir (AE) 2016/1919 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le cúnamh dlí do dhaoine atá faoi dhrochamhras nó daoine atá cúisithe in imeachtaí coiriúla agus do dhaoine iarrtha in imeachtaí faoi réir barántas gabhála Eorpach (IO L 297, 4.11.2016, lch. 1).

Leasú

(23) Leis an Rialachán seo, níor cheart aon oibleagáid a fhorchur maidir le haistriú imeachtaí coiriúla a iarraidh. Nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ***i dtaobh ar cheart*** iarraidh ar aistriú imeachtaí coiriúla a eisiúint, ba cheart don údarás iarrthach scrúdú a dhéanamh ***i dtaobh an bhfuil aistriú*** den sórt sin ***riachtanach, iomchuí, chomh maith le comhréireach. Dá bhrí sin, ba cheart don údarás iarrthach, sula n-eiseoidh sé iarraidh ar aistriú, scrúdú a dhéanamh ar an gcás chun na fíorais ábhartha a shoiléiriú agus chun fianaise ábhartha a shainnithint chun riachtanas, oiriúnacht agus comhréireacht aistriithe a fhionnadh***. Ba cheart an measúnú sin a dhéanamh ar bhonn cás ar chás chun go sainnithneofar an Ballstát is fearr chun an cion coiriúil atá i gceist a ionchúiseamh, ***agus na critéir ábhartha uile a shonraítear sa Rialachán seo á gcur san áireamh ar bhonn na n-iarrachtaí imscrúdaitheacha arna ndéanamh sa stát iarrthach roimh an iarraidh ar aistriú a eisiúint***.

Leasú 6

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 25

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(25) I gcás inar **náisiúnach** den Stát iarrtha **é an duine** atá faoi dhrochamhras nó atá cúisithe, nó i gcás ina bhfuil cónaí **ar an duine sin** sa Stát sin, d'fhéadfadh údar a bheith le haistriú imeachtaí coiriúla chun ceart **an duine** atá faoi dhrochamhras nó atá cúisithe a bheith i láthair ag an triail a áirithiú, i gcomhréir le Treoir (AE) 2016/343. Ar an gcaoi chéanna, i gcás ina bhfuil **formhór na n-íospartach** ina náisiúnaigh den Stát iarrtha, nó i gcás ina bhfuil cónaí orthu sa Stát sin, d'fhéadfadh údar a bheith le haistriú chun a ligean d'íospartaigh a bheith rannpháirteach go héasca sna himeachtaí coiriúla agus scrúdú a dhéanamh orthu go héifeachtach mar fhinnéithe le linn na n-imeachtaí. I gcásanna ina ndiúltaítear duine atá faoi dhrochamhras nó atá cúisithe a thabhairt suas, duine ar eisíodh Barántas Gabhála Eorpach ina leith, sa Stát iarrtha ar na forais a shonraítear sa Rialachán seo, féadfaidh údar a bheith le haistriú freisin i gcás ina bhfuil an duine sin i láthair sa Stát iarrtha gan a bheith ina náisiúnach den Stát sin nó gan a bheith ina chónaí sa Stát sin.

Leasú 7

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 26

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(26) Is faoin údarás iarrthach é measúnú a dhéanamh ar bhonn an ábhair atá os a chomhair, **cé acu is ann nó nach ann d'fhorais réasúnacha** le creidiúint go bhfuil cónaí ar an duine atá faoi dhrochamhras, an duine atá cúisithe nó an

Leasú

(25) I gcás inar **náisiúnaigh** den Stát iarrtha **iad na daoine** atá faoi dhrochamhras nó atá cúisithe, nó i gcás ina bhfuil cónaí **orthu** sa Stát sin, d'fhéadfadh údar a bheith le haistriú imeachtaí coiriúla chun ceart **na ndaoine** atá faoi dhrochamhras nó atá cúisithe a bheith i láthair ag an triail a áirithiú, i gcomhréir le Treoir (AE) 2016/343. Ar an gcaoi chéanna, i gcás ina bhfuil **an t-íospartach nó na híospartaigh** ina **náisiúnach nó ina náisiúnaigh** den Stát iarrtha, nó i gcás ina bhfuil cónaí **air nó** orthu sa Stát sin, d'fhéadfadh údar a bheith le haistriú chun a ligean d'íospartaigh a bheith rannpháirteach go héasca sna himeachtaí coiriúla agus scrúdú a dhéanamh orthu go héifeachtach mar fhinnéithe le linn na n-imeachtaí. I gcásanna ina ndiúltaítear duine atá faoi dhrochamhras nó atá cúisithe a thabhairt suas, duine ar eisíodh Barántas Gabhála Eorpach ina leith, sa Stát iarrtha ar na forais a shonraítear sa Rialachán seo, féadfaidh údar a bheith le haistriú freisin i gcás ina bhfuil an duine sin i láthair sa Stát iarrtha gan a bheith ina náisiúnach den Stát sin nó gan a bheith ina chónaí sa Stát sin.

Leasú

(26) Is faoin údarás iarrthach é measúnú a dhéanamh ar bhonn an ábhair atá os a chomhair, **i dtaobh an bhfuil forais réasúnacha ann** le creidiúint go bhfuil cónaí ar an duine atá faoi dhrochamhras, an duine atá cúisithe nó an t-íospartach sa Stát

t-íospartach sa Stát iarrtha. I gcás nach mbíonn ach faisnéis theoranta ar fáil, d'fhéadfadh measúnú den sórt sin a bheith ina ábhar comhairliúcháin idir an t-údarás iarrthach agus an t-údarás iarrtha. Féadfaidh cúinsí oibiachtúla éagsúla, lena dtugtar le fios go bhfuil gnáthshuíomh a leasanna bunaithe ag an duine lena mbaineann i mBallstát ar leith nó go bhfuil sé ar intinn aige déanamh amhlaidh, a bheith ábhartha. D'fhéadfadh gur ann d'fhorais réasúnacha le creidiúint go bhfuil cónaí ar dhuine sa Bhallstát iarrtha, go háirithe, i gcás ina bhfuil duine cláraithe mar chónaitheoir sa Stát iarrtha, agus cárta aitheantais, cead cónaithe nó clárú i gclár oifigiúil cónaithe ina sheilbh aige. I gcás nach bhfuil an duine sin cláraithe sa Stát iarrtha, **ba cheart** cónaí a **thabhairt le fios** leis an bhfioras gur léirigh duine go raibh sé i gceist aige é féin a lonnú sa Bhallstát sin nó go bhfuil, tar éis tréimhse sheasta láithreachta sa Bhallstát sin, naisc áirithe faighte aige leis an mBallstát sin ar naisc iad atá cosúil le cinn a d'eascródh as cónaí foirmiúil a bhunú sa Bhallstát sin. Chun a chinneadh, i gcás sonrath, **cé acu atá nó nach** bhfuil naisc leordhóthanacha idir an duine lena mbaineann agus an Stát iarrtha, as a dtagann **fiorais** réasúnacha le creidiúint go bhfuil cónaí ar an duine lena mbaineann sa Stát sin, is gá tosca oibiachtúla éagsúla is saintréith do chás an duine sin a chur san áireamh, lena n-áirítear, go háirithe, fad, cineál agus coinníollacha a láithreachta sa Stát iarrtha nó na naisc theaghlaigh nó eacnamaíocha atá ag an duine sin leis na Stát iarrtha. Feithicil chláráithe, clárú uimhreach teileafóin, cuntas bainc, an fíoras nach raibh briseadh i bhfanacht an duine sa Stát iarrtha nó tosca oibiachtúla eile, **féadfaidh siad** a bheith ábhartha chun a chinneadh gur ann d'fhorais réasúnacha le creidiúint go bhfuil cónaí ar an duine lena mbaineann sa Stát iarrtha. Cuairt ghairid, fanacht saoire, lena n-áirítear i dteach saoire, nó fanacht cosúil leis sin sa Stát iarrtha gan aon nasc substaintiúil eile, **níor cheart don**

iarrtha. I gcás nach mbíonn ach faisnéis theoranta ar fáil, d'fhéadfadh measúnú den sórt sin a bheith ina ábhar comhairliúcháin idir an t-údarás iarrthach agus an t-údarás iarrtha. Féadfaidh cúinsí oibiachtúla éagsúla, lena dtugtar le fios go bhfuil gnáthshuíomh a leasanna bunaithe ag an duine lena mbaineann i mBallstát ar leith nó go bhfuil sé ar intinn aige déanamh amhlaidh, a bheith ábhartha. D'fhéadfadh gur ann d'fhorais réasúnacha le creidiúint go bhfuil cónaí ar dhuine sa Bhallstát iarrtha, go háirithe, i gcás ina bhfuil duine cláraithe mar chónaitheoir sa Stát iarrtha, agus cárta aitheantais, cead cónaithe nó clárú i gclár oifigiúil cónaithe ina sheilbh aige. I gcás nach bhfuil an duine sin cláraithe sa Stát iarrtha, **d'fhéadfaí** cónaí a **léiriú** leis an bhfioras gur léirigh duine go raibh sé i gceist aige é féin a lonnú sa Bhallstát sin nó go bhfuil, tar éis tréimhse sheasta láithreachta sa Bhallstát sin, naisc áirithe faighte aige leis an mBallstát sin ar naisc iad atá cosúil le cinn a d'eascródh as cónaí foirmiúil a bhunú sa Bhallstát sin. Chun a chinneadh, i gcás sonrath, **an** bhfuil naisc leordhóthanacha idir an duine lena mbaineann agus an Stát iarrtha, as a dtagann **fiorais** réasúnacha le creidiúint go bhfuil cónaí ar an duine lena mbaineann sa Stát sin, is gá tosca oibiachtúla éagsúla is saintréith do chás an duine sin a chur san áireamh, lena n-áirítear, go háirithe, fad, cineál agus coinníollacha a láithreachta sa Stát iarrtha nó na naisc theaghlaigh nó eacnamaíocha atá ag an duine sin leis na Stát iarrtha. **Féadfaidh** feithicil chláráithe, clárú uimhreach teileafóin, cuntas bainc, an fíoras nach raibh briseadh i bhfanacht an duine sa Stát iarrtha nó tosca oibiachtúla eile a bheith ábhartha chun a chinneadh gur ann d'fhorais réasúnacha le creidiúint go bhfuil cónaí ar an duine lena mbaineann sa Stát iarrtha. **Níor cheart** cuairt ghairid, fanacht saoire, lena n-áirítear i dteach saoire, nó fanacht cosúil leis sin sa Stát iarrtha gan aon nasc substaintiúil eile, a bheith leordhóthanach chun cónaí a bhunú sa Bhallstát sin.

mhéid sin a bheith leordhóthanach chun cónaí a bhunú sa Bhallstát sin. Ar an taobh eile, ba cheart, i bhformhór na gcásanna, fanacht gan bhriseadh de 3 mhí ar a laghad a mheas mar ní leordhóthanach chun cónaí a bhunú.

Leasú 8

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 29

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(29) Ba cheart an fhéidearthacht a bheith ag daoine atá faoi dhrochamhras nó atá cúisithe nó ag íospartaigh a iarraidh go n-aistreofaí na himeachtaí coiriúla a bhaineann leo chuig Ballstát eile. Níor cheart go gcuirfí d'oibleagáid ar an údarás iarrthach nó ar an údarás iarrtha, leis na hiarrataí sin, imeachtaí coiriúla a iarraidh nó a aistriú. Má thagann na húdaráis ar an eolas go bhfuil imeachtaí coiriúla comhthreomhara ar bun ar bhonn iarraidh ar aistriú arna cur isteach ag an duine atá faoi dhrochamhras nó atá cúisithe, nó ag an íospartach, nó ag dlíodóir thar a cheann, tá sé de dhualgas orthu ansin dul i gcomhairle le chéile i gcomhréir le Cinneadh Réime 2009/948/CGB.

Leasú

(29) Ba cheart an fhéidearthacht a bheith ag daoine atá faoi dhrochamhras nó atá cúisithe nó ag íospartaigh a iarraidh go n-aistreofaí na himeachtaí coiriúla a bhaineann leo chuig Ballstát eile. Níor cheart go gcuirfí d'oibleagáid ar an údarás iarrthach nó ar an údarás iarrtha, leis na hiarrataí sin, imeachtaí coiriúla a iarraidh nó a aistriú; ***dá bhrí sin, má chinneann an t-údarás iarrthach na himeachtaí coiriúla a aistriú arna iarraidh sin ag daoine atá faoi dhrochamhras nó daoine atá cúisithe nó íospartaigh, ba cheart d'údaráis inniúla an Stáit iarrtha an cinneadh maidir leis an iarraidh ar aistriú a dhéanamh. Níor cheart go gcuirfeadh tuairim dhiúltach an duine atá faoi dhrochamhras nó an duine atá cúisithe nó an íospartaigh maidir le haistriú imeachtaí coiriúla cosc ar aistriú den sórt sin má chinneann an t-údarás iarrtha glacadh leis an aistriú i gcomhréir le hAirteagal 12. Má thagann na húdaráis ar an eolas go bhfuil imeachtaí coiriúla comhthreomhara ar bun ar bhonn iarraidh ar aistriú arna cur isteach ag an duine atá faoi dhrochamhras nó **ag an duine** atá cúisithe, nó ag an íospartach, nó ag dlíodóir thar a cheann, tá sé de dhualgas orthu ansin dul i gcomhairle le chéile i gcomhréir le Cinneadh Réime 2009/948/CGB.***

Leasú 9

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 30

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(30) Ba cheart don údarás iarrthach an duine atá faoi dhrochamhras nó atá cúisithe a chur ar an eolas a luaithe is féidir maidir leis an aistriú atá beartaithe agus ba cheart dó an fhéidearthacht a sholáthar don duine sin a thuairim a chur in iúl ó bhéal nó i scríbhinn, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme, chun é a chur ar a gcumas do na húdaráis a leasa dlisteanacha a chur san áireamh roimh iarraidh ar aistriú a eisiúint. Nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ar leas dlisteanach an duine atá faoi drochamhras nó atá cúisithe maidir lena chur ar an eolas faoin aistriú atá beartaithe, ba cheart don údarás iarrthach **a chur san áireamh** an gá atá le rúndacht an imscrúdaithe agus an baol maidir le dochar a dhéanamh d’imeachtaí coiriúla in aghaidh an duine sin, e.g. tráth ar bith a mbeadh gá le leas tábhachtach an phobail a chosaint, amhail i gcásanna ina bhféadfadh faisnéis den sórt sin dochar a dhéanamh d’imscrúduithe rúnda leanúnacha nó dochar tromchúiseach a dhéanamh do shlándáil náisiúnta an Bhallstáit ina bhfuil na himeachtaí coiriúla ar siúl. I gcás nach bhféadfaidh an t-údarás iarrthach an duine atá faoi dhrochamhras nó atá cúisithe a aimsiú d’ainneoin iarrachtaí réasúnacha a dhéanamh, ní mór feidhm a bheith ag an oibleagáid maidir le duine den sórt sin a chur ar an eolas a luaithe agus a athraíonn na cúinsí sin.

Leasú

(30) Ba cheart don údarás iarrthach an duine atá faoi dhrochamhras nó **an duine** atá cúisithe a chur ar an eolas a luaithe is féidir maidir leis an aistriú atá beartaithe agus ba cheart dó an fhéidearthacht a sholáthar don duine sin a thuairim a chur in iúl ó bhéal nó i scríbhinn, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme, chun é a chur ar a gcumas do na húdaráis a leasa dlisteanacha a chur san áireamh **agus a chlárú** roimh iarraidh ar aistriú a eisiúint. Nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ar leas dlisteanach an duine atá faoi drochamhras nó **an duine** atá cúisithe maidir lena chur ar an eolas faoin aistriú atá beartaithe, ba cheart don údarás iarrthach an gá atá le rúndacht an imscrúdaithe agus an baol maidir le dochar a dhéanamh d’imeachtaí coiriúla in aghaidh an duine sin **a chur san áireamh**, e.g. tráth ar bith a mbeadh gá le leas tábhachtach an phobail a chosaint, amhail i gcásanna ina bhféadfadh faisnéis den sórt sin dochar a dhéanamh d’imscrúduithe rúnda leanúnacha nó dochar tromchúiseach a dhéanamh do shlándáil náisiúnta an Bhallstáit ina bhfuil na himeachtaí coiriúla ar siúl. **Bunaithe ar na heilimintí sin agus i gcás inarb iomchuí, d’fhéadfadh cásanna a bheith ann nach gcuirfear an duine atá faoi dhrochamhras nó an duine atá cúisithe ar an eolas faoin aistriú atá beartaithe, mar shampla i gcás inar gá finné nó íospartach a chosaint sula nglacfar bearta cosanta sa Stát iarrthach, nó i gcás ina ndéanfaidh sé dochar d’imscrúdú eile a bhfuil dlúthbhaint aige leis an imeacht coiriúil atá á aistriú. Ba cheart an duine atá faoi dhrochamhras nó an duine atá cúisithe nó an dlíodóir atá ag gníomhú thar ceann an duine sin a choinneáil ar an eolas freisin faoi fhorbairtí substaintiúla i ndáil leis an**

iarraidh sin ar aistriú, ar choinníoll nach mbainfeadh sé an bonn de rúndacht an imscrúdaithe ná nach ndéanfaidh sé dochar ar shlí eile don imscrúdú. I gcás nach bhféadfaidh an t-údarás iarrthach an duine atá faoi drochamhras nó an duine atá cúisithe a aimsiú nó teagmháil a dhéanamh leis d’ainneoin iarrachtaí réasúnacha a dhéanamh, ba cheart go mbeadh an t-údarás iarrthach in ann cúnamh a lorg ón údarás iarrtha chun an cúram sin a dhéanamh. I gcás nach bhféadfaidh an t-údarás iarrthach an duine atá faoi drochamhras nó an duine atá cúisithe a aimsiú d’ainneoin iarrachtaí réasúnacha a dhéanamh, ní mór feidhm a bheith ag an oibleagáid maidir le duine den sórt sin a chur ar an eolas a luaithe agus a athraíonn na cúinsí sin.

Leasú 10

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 31

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(31) Ba cheart cearta na n-íospartach a leagtar amach i dTreoir 2012/29/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁶³ a chur san áireamh agus an Rialachán seo á chur i bhfeidhm. Níor cheart an Rialachán seo a léirmhíniú mar ní a chuireann cosc ar Bhallstáit cearta níos leithne, ná na cinn siúd a leagtar síos i ndlí an Aontais, a dheonú d’íospartaigh faoin dlí náisiúnta.

Leasú

(31) Ba cheart cearta na n-íospartach a leagtar amach i dTreoir 2012/29/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁶³, *lena n-áirítear an ceart chun faisnéise*, chur san áireamh agus an Rialachán seo á chur i bhfeidhm. *I gcásanna eisceachtúla, mar shampla mar gheall ar líon ard na n-íospartach a bhfuil baint acu le cás, ba cheart go bhféadfaí faisnéis a chur ar fáil d’íospartaigh tríd an bpreas, trí shuíomh gréasáin oifigiúil de chuid an údaráis inniúil nó trí bhealach cumarsáide comhchosúil, i gcomhréir le Treoir 2012/29/AE.* Níor cheart an Rialachán seo a léirmhíniú mar ní a chuireann cosc ar Bhallstáit cearta níos leithne, ná na cinn siúd a leagtar síos i ndlí an Aontais, a dheonú d’íospartaigh faoin dlí náisiúnta.

⁶³ Treoir 2012/29/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 lena mbunaítear íoschaighdeáin maidir le cearta, tacaíocht agus cosaint íospartaigh na coireachta, agus lena n-ionadaítear Cinneadh Réime 2001/220/CGB ón gComhairle (IO L 315, 14.11.2012, lch. 57).

⁶³ Treoir 2012/29/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 lena mbunaítear íoschaighdeáin maidir le cearta, tacaíocht agus cosaint íospartaigh na coireachta, agus lena n-ionadaítear Cinneadh Réime 2001/220/CGB ón gComhairle (IO L 315, 14.11.2012, lch. 57).

Leasú 11

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 34 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(34a) Ba cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh go mbeidh ceart rochtana ar an gcomhad ag daoine atá faoi dhrochamhras, ag daoine atá cúisithe agus ag íospartaigh chomh maith le haon chearta nós imeachta eile is gá chun a gceart chun leighis éifeachtaigh a fheidhmiú. Ba cheart rochtain ar an gcomhad a bheith teoranta do na doiciméid a bhaineann le himeachtaí coiriúla a aistriú agus chun a gceart chun leigheas éifeachtach a fheidhmiú.

Leasú 12

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 38

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(38) Go dtí nach bhfuil cinneadh déanta ag an údarás chun glacadh le haistriú imeachtaí coiriúla, ba cheart don údarás iarrthach a bheith in ann an iarraidh a tharraingt siar, mar shampla i gcás ina ***bhfuil*** sé ar an eolas faoi ghnéithe breise, nach ***ndearaíonn sé go bhfuil gá a thuilleadh*** leis an aistriú ***dá mbarr***.

(38) Go dtí nach bhfuil cinneadh déanta ag an údarás chun glacadh le haistriú imeachtaí coiriúla, ba cheart don údarás iarrthach a bheith in ann an iarraidh a tharraingt siar, mar shampla i gcás ina ***dtagann*** sé ar an eolas faoi ghnéithe breise ***ar cosúil*** nach bhfuil ***údar*** leis an aistriú ***a thuilleadh***. ***Ba cheart údar i scríbhinn a bheith leis an gcinneadh an iarraidh a***

tharraingt siar agus ba cheart é a roinnt leis an duine atá faoi dhrochamhras nó leis na daoine atá cúisithe agus leis na híospartaigh.

Leasú 13

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 40

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(40) Níor cheart diúltú d'aistriú imeachta choiriúil ar aon fhoras seachas na cinn dá ndéantar foráil sa Rialachán seo. Chun a bheith in ann glacadh le haistriú imeachtaí coiriúla, ba cheart é a bheith indéanta ionchúiseamh a dhéanamh ar na fíorais is bonn leis na himeachtaí coiriúla atá faoi réir an aistrithe sa Stát iarrtha. Níor cheart don údarás iarrtha glacadh leis an aistriú imeachtaí coiriúla i gcás nach cion coiriúil é an t-iompar i gcás an aistrithe dá lorgaítear sa Stát iarrtha, nó i gcás nach bhfuil dlínse ag an Stát iarrtha ar an gcion coiriúil sin, mura bhfeidhmíonn sé dlínse a sholáthraítear faoin Rialachán seo. Ina theannta sin, níor cheart glacadh le haistriú imeachtaí coiriúla i gcás baic eile ar ionchúiseamh sa Stát iarrtha. Ba cheart don údarás iarrtha a bheith in ann diúltú d'aistriú imeachtaí coiriúla, má bhaineann an duine atá faoi dhrochamhras nó atá cúisithe tairbhe as díolúine nó pribhléid i gcomhréir le dlí an Stáit iarrtha, e.g. i ndáil le catagóirí áirithe daoine (amhail taidhleoirí) nó gaolmhaireachtaí atá faoi chosaint shonrach (amhail pribhléid ghairmiúil dlíodóra), nó má chreideann an t-údarás iarrtha nach bhfuil údar le haistriú den sórt sin mar gheall ar leasanna um riar cuí éifeachtúil an cheartais, mar shampla i gcás nach gcomhlíontar aon cheann de na critéir maidir le haistriú imeachtaí coiriúla a iarraidh, nó i gcás ina **raibh an deimhniú** le haghaidh **iarrata** neamhiomlán nó gur líon an t-údarás iarrthach isteach go míchruinn é, rud nach gcuireann ar a

Leasú

(40) Níor cheart diúltú d'aistriú imeachta choiriúil ar aon fhoras seachas na cinn dá ndéantar foráil sa Rialachán seo. Chun a bheith in ann glacadh le haistriú imeachtaí coiriúla, ba cheart é a bheith indéanta ionchúiseamh a dhéanamh ar na fíorais is bonn leis na himeachtaí coiriúla atá faoi réir an aistrithe sa Stát iarrtha. Níor cheart don údarás iarrtha glacadh leis an aistriú imeachtaí coiriúla i gcás nach cion coiriúil é an t-iompar i gcás an aistrithe dá lorgaítear sa Stát iarrtha, nó i gcás nach bhfuil dlínse ag an Stát iarrtha ar an gcion coiriúil sin, mura bhfeidhmíonn sé dlínse a sholáthraítear faoin Rialachán seo. Ina theannta sin, níor cheart glacadh le haistriú imeachtaí coiriúla i gcás baic eile ar ionchúiseamh sa Stát iarrtha. Ba cheart don údarás iarrtha a bheith in ann diúltú d'aistriú imeachtaí coiriúla, má bhaineann an duine atá faoi dhrochamhras nó **an duine** atá cúisithe tairbhe as díolúine nó pribhléid i gcomhréir le dlí an Stáit iarrtha, e.g. i ndáil le catagóirí áirithe daoine (amhail taidhleoirí) nó gaolmhaireachtaí atá faoi chosaint shonrach (amhail pribhléid ghairmiúil dlíodóra), nó má chreideann an t-údarás iarrtha nach bhfuil údar le haistriú den sórt sin mar gheall ar leasanna um riar cuí éifeachtúil an cheartais, mar shampla i gcás nach gcomhlíontar aon cheann de na critéir maidir le haistriú imeachtaí coiriúla a iarraidh, nó i gcás ina **bhfuil an fhoirm iarratais** le haghaidh **aistriú** neamhiomlán nó gur líon an t-údarás iarrthach isteach go

chumas don údarás iarrtha an fhaisnéis is gá a bheith aige chun measúnú a dhéanamh ar an iarraidh le haghaidh aistriú imeachtaí coiriúla.

míchruinn é, rud nach gcuireann ar a chumas don údarás iarrtha an fhaisnéis is gá a bheith aige chun measúnú a dhéanamh ar an iarraidh le haghaidh aistriú imeachtaí coiriúla. ***D'fhéadfadh na forais le haghaidh diúltú dá bhforáiltear sa Rialachán seo a bheith ina mbonn breise le haghaidh measúnú chun a fhionnadh ar cheart leigheas dlí a shaothrú. I gcás ina ndeonaítear lánrogha faoi na forais roghnacha le haghaidh diúltú dá bhforáiltear sa Rialachán seo, ba cheart an chumhacht a thabhairt don chúirt atá inniúil as an leigheas dlí sa Stát iarrtha a fhíorú an ndearna an t-údarás sa Stát iarrtha earráidí follasacha i bhfeidhmiú na lánrogha sin.***

Leasú 14

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 43

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(43) Má ghlacann an t-údarás iarrtha le haistriú imeachtaí coiriúla, ba cheart imeachtaí coiriúla sa Stát iarrthach a chur ar fionraí nó deireadh a chur leo chun dúbláil beart sa Stát iarrthach agus sa Stát iarrtha a sheachaint. Ba cheart don mhéid sin a bheith gan dochar d'imscrúduithe nó do bhearta nós imeachta eile a d'fhéadfadh a bheith riachtanach chun cinntí a fhorghníomhú atá bunaithe ar ionstraimí aitheantais fhrithpháirtigh nó chun iarrataí ar chúnamh dlíthiúil frithpháirteach atá nasctha leis na himeachtaí atá faoi réir an aistrithe a chomhlíonadh. Ba cheart an coincheap 'bearta imscrúdaitheacha nó bearta nós imeachta eile' a léirmhíniú go forleathan, mar ní hamháin go n-áirítear leo aon bheart chun fianaise a bhailiú, ach aon ghníomh nós imeachta lena bhforchuirtear coinneáil réamhthrialach nó aon bheart eatramhach eile freisin. Chun dúshláin mhí-úsáideacha a sheachaint agus chun a áirithiú nach bhfionrófar na himeachtaí

Leasú

(43) Má ghlacann an t-údarás iarrtha le haistriú imeachtaí coiriúla, ba cheart imeachtaí coiriúla sa Stát iarrthach a chur ar fionraí nó deireadh a chur leo chun dúbláil beart sa Stát iarrthach agus sa Stát iarrtha a sheachaint. Ba cheart don mhéid sin a bheith gan dochar d'imscrúduithe nó do bhearta nós imeachta eile a d'fhéadfadh a bheith riachtanach chun cinntí a fhorghníomhú atá bunaithe ar ionstraimí aitheantais fhrithpháirtigh nó chun iarrataí ar chúnamh dlíthiúil frithpháirteach atá nasctha leis na himeachtaí atá faoi réir an aistrithe a chomhlíonadh. Ba cheart an coincheap 'bearta imscrúdaitheacha nó bearta nós imeachta eile' a léirmhíniú go forleathan, mar ní hamháin go n-áirítear leo aon bheart chun fianaise a bhailiú, ach aon ghníomh nós imeachta lena bhforchuirtear coinneáil réamhthrialach nó aon bheart eatramhach eile freisin. Chun dúshláin mhí-úsáideacha a sheachaint agus chun a áirithiú nach bhfionrófar na himeachtaí

coiriúla ar feadh tréimhse fada, más rud é go ndearnadh leigheas dlí a bhfuil éifeacht fionraíochta leis a agairt sa Stát iarrtha, níor cheart na himeachtaí coiriúla a chur ar fionraí ná deireadh a chur leo sa Stát iarrthach go dtí go ndéanfar cinneadh maidir leis an leigheas sa Stát iarrtha.

Leasú 15

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 43 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

coiriúla ar feadh tréimhse fada, más rud é go ndearnadh leigheas dlí a bhfuil éifeacht fionraíochta leis **arna dheonú faoin dlí náisiúnta** a agairt sa Stát iarrtha, níor cheart na himeachtaí coiriúla a chur ar fionraí ná deireadh a chur leo sa Stát iarrthach go dtí go ndéanfar cinneadh maidir leis an leigheas sa Stát iarrtha.

Leasú

A luaithe a dheonófar aistriú imeachtaí agus chun próiseas éifeachtúil an aistriú a éascú, ba cheart go mbeadh na húdaráis iarrthacha agus na húdaráis iarrtha in ann dul i gcomhairle le chéile chun na doiciméid is gá nó codanna de na doiciméid sin a bheidh le cur ar aghaidh, chomh maith le haistriúchán a dhéanamh orthu, a chinneadh, i gcás inar gá. Mar sin féin, ba cheart an cinneadh gan ach codanna de na doiciméid a sheoladh a bheith cothrom agus bunaithe ar bhreithniú cúramach a dhéanamh ar na doiciméid faoi thrácht ionas nach ndéanfar dochar do chothroime na n-imeachtaí.

Leasú 16

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 49

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(49) Níor cheart do Bhallstáit a bheith in ann cúiteamh as na **chostais** a eascraíonn as cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a éileamh ó chéile. Mar sin féin, nuair a thabhaíonn an Stát iarrthach costais mhóra nó eisceachtúla, a bhaineann le haistriúchán na ndoiciméad sa

Leasú

(49) **Ba cheart do gach Ballstát a chostais féin a sheasamh maidir le haistriú imeachtaí coiriúla, lena n-áirítear na costais sin a bhaineann le feidhmiú na gceart nós imeachta a bhfuil teideal ag an duine atá faoi dhrochamhras nó an duine atá cúisithe ina leith i ngach ceann de na**

cháschomhad atá le haistriú chuig an Stát iarrtha, ba cheart don údarás iarrtha moladh ón údarás iarrthach na *costais* a *roinnt a mheas*.

Ballstáit lena mbaineann, i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta is infheidhme. Níor cheart do Bhallstáit a bheith in ann cúiteamh as na *costais* a eascraíonn as cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a éileamh ó chéile. Mar sin féin, nuair a thabhaíonn an Stát iarrthach *costais* mhóra nó eisceachtúla, a bhaineann le haistriúchán na ndoiciméad sa cháschomhad atá le haistriú chuig an Stát iarrtha, ba cheart don údarás iarrtha moladh ón údarás iarrthach *maidir le comhroinnt* na *gcostas* a mheas.

Leasú 17

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 50

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(50) *Ach* úsáid a bhaint as *deimhniú* chaighdeánaithe a aistrítear *i dteangacha* oifigiúla uile an Aontais *d'éascófaí* comhar agus malartú faisnéise idir na húdaráis iarrthacha agus na húdaráis iarrtha, rud a chiallódh go mbeidís in ann cinneadh a dhéanamh maidir leis an iarraidh ar aistriú ar bhealach níos tapúla agus níos éifeachtaí. Laghdaítear freisin na *costais* aistriúcháin agus cuireann sé le caighdeán níos airde iarrataí.

Leasú 18

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 51

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(51) Níor cheart a áireamh *sa deimhniú* ach na sonraí pearsanta is gá chun cinneadh an údaráis iarrtha maidir leis an iarraidh a éascú. Ba cheart léiriú a bheith *sa deimhniú* ar chatagóirí na sonraí pearsanta, amhail *cé acu ar* duine atá faoi dhrochamhras, duine atá cúisithe nó

Leasú

(50) *Trí* úsáid a bhaint as *foirm iarratais* chaighdeánaithe a aistrítear *go teangacha* oifigiúla uile an Aontais, *ba cheart go n-éascófaí* comhar agus malartú faisnéise idir na húdaráis iarrthacha agus na húdaráis iarrtha, rud a chiallódh go mbeidís in ann cinneadh a dhéanamh maidir leis an iarraidh ar aistriú ar bhealach níos tapúla agus níos éifeachtaí. Laghdaítear freisin na *costais* aistriúcháin agus cuireann sé le caighdeán níos airde iarrataí.

Leasú

(51) Níor cheart a áireamh *san fhoirm iarratais* ach na sonraí pearsanta is gá chun cinneadh an údaráis iarrtha maidir leis an iarraidh a éascú. Ba cheart léiriú a bheith *san fhoirm iarratais* ar chatagóirí na sonraí pearsanta, amhail *an* duine atá faoi dhrochamhras, duine atá cúisithe nó

íospartach é an duine gaolmhar, chomh maith leis na réimsí sonracha a bhaineann le gach ceann de na catagóirí sin.

Leasú 19

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 52

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(52) Chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar an ngá a d'fhéadfadh a bheith le feabhsúchán maidir leis an **deimhniú** atá le húsáid chun aistriú imeachtaí coiriúla a iarraidh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo a leasú. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr⁶⁷. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

⁶⁷ IO L 123, 12.5.2016, lch. 13.

Leasú 20

íospartach é an duine gaolmhar, chomh maith leis na réimsí sonracha a bhaineann le gach ceann de na catagóirí sin.

Leasú

(52) Chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar an ngá a d'fhéadfadh a bheith le feabhsúchán maidir leis an **bhfoirm iarratais** atá le húsáid chun aistriú imeachtaí coiriúla a iarraidh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo a leasú. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr⁶⁷. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

⁶⁷ IO L 123, 12.5.2016, lch. 13.

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 53

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(53) Chun malartú tapa, díreach, idir-inoibritheach, iontaofa agus slán sonraí a bhaineann le cás a áirithiú, ba cheart, de ghnáth, an chumarsáid faoin Rialachán seo idir na húdaráis iarrthacha agus na húdaráis iarrtha agus le rannpháirtíocht na n-údarás lárnach, i gcás inar ainmnigh Ballstát údarás lárnach, agus le Eurojust, a dhéanamh tríd an gcóras TF dílártaíthe de réir bhrí Rialachán (AE).../... **[an Rialachán maidir le Digiteáil]**⁶⁸. Go háirithe, ba cheart an córas TF dílártaíthe a úsáid, de ghnáth, chun an **deimhniú** agus aon fhaisnéis agus doiciméid ábhartha eile a mhalartú, agus chun gach cumarsáid eile idir na húdaráis faoin Rialachán seo a mhalartú. I gcásanna ina **bhfuil** ceann amháin nó níos mó de na heisceachtaí a luaitear i Rialachán (AE).../... **Tá feidhm ag [an Rialachán maidir le Digiteáil]**, go háirithe, i gcás nach féidir nó nach iomchuí **úsáid a bhaint as an gcóras TF dílártaíthe**, féadfar modhanna eile cumarsáide a úsáid mar a shonraítear sa Rialachán sin.

⁶⁸ Rialachán (AE) [.../...] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le **digiteáil** an chomhair bhreithiúnaigh agus rochtain ar an gceartas in ábhair **trasteorann** shibhialta, thráchtála agus choiriúla, agus lena leasaítear gníomhartha áirithe i réimse an chomhair bhreithiúnaigh (IO L ...).

Leasú 21

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 55

Leasú

(53) Chun malartú tapa, díreach, idir-inoibritheach, iontaofa agus slán sonraí a bhaineann le cás a áirithiú, ba cheart, de ghnáth, an chumarsáid faoin Rialachán seo idir na húdaráis iarrthacha agus na húdaráis iarrtha agus le rannpháirtíocht na n-údarás lárnach, i gcás inar ainmnigh Ballstát údarás lárnach, agus le Eurojust, a dhéanamh tríd an gcóras TF dílártaíthe de réir bhrí Rialachán (AE) **2023/2844 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**⁶⁸. Go háirithe, ba cheart an córas TF dílártaíthe a úsáid, de ghnáth, chun an **fhoirm iarratais** agus aon fhaisnéis agus doiciméid ábhartha eile a mhalartú, agus chun gach cumarsáid eile idir na húdaráis faoin Rialachán seo a mhalartú. I gcásanna ina **mbeidh feidhm ag** ceann amháin nó níos mó de na heisceachtaí a luaitear i Rialachán (AE) **2023/2844**, go háirithe i gcás nach féidir **an córas TF dílártaíthe a úsáid** nó nach **bhfuil sé** iomchuí, féadfar modhanna eile cumarsáide a úsáid mar a shonraítear sa Rialachán sin.

⁶⁸ Rialachán (AE) **2023/2844** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le **digitíú** an chomhair bhreithiúnaigh agus rochtain ar an gceartas in ábhair **thrasteorann** shibhialta, thráchtála agus choiriúla, agus lena leasaítear gníomhartha áirithe i réimse an chomhair bhreithiúnaigh (IO L, **2023/2844**, **27.12.2023**, **ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2844/oj>**).

(55) Ba cheart don Choimisiún a bheith freagrach as na bogearraí cur chun feidhme tagartha sin a chruthú, a chothabháil agus a fhorbairt. Ba cheart don Choimisiún na bogearraí cur chun feidhme tagartha a dhearadh, a fhorbairt agus a chothabháil ar bhealach a chiallóidh go mbeidh na rialaitheoirí in ann a áirithiú go gcomhlíonfar na ceanglais agus na prionsabail maidir le cosaint sonraí a leagtar síos i Rialachán (AE) **2018/1725⁶⁹** agus (AE) **2016/679⁷⁰** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón **gComhairle** agus i **dTreoir** (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁷¹, go háirithe na hoibleagáidí maidir le cosaint sonraí trí dhearadh agus réamhshocrú chomh maith le hardleibhéal cibearshlándála. Ba cheart bearta teicniúla iomchuí a bheith sna bogearraí cur chun feidhme tagartha freisin agus ba cheart dóibh na bearta eagraíochtúla is gá a chumasú chun leibhéal iomchuí slándála agus idir-inoibritheachta a áirithiú, agus é á chur san áireamh go bhféadfar catagóirí speisialta sonraí a mhalartú freisin. Ní phróiseálann an Coimisiún sonraí pearsanta i gcomhthéacs chruthú, chothabháil agus fhorbairt na mbogearraí cur chun feidhme tagartha sin.

⁶⁹ Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

⁷⁰ **Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine**

(55) Ba cheart don Choimisiún a bheith freagrach as na bogearraí cur chun feidhme tagartha sin a chruthú, a chothabháil agus a fhorbairt. Ba cheart don Choimisiún na bogearraí cur chun feidhme tagartha a dhearadh, a fhorbairt agus a chothabháil ar bhealach a chiallóidh go mbeidh na rialaitheoirí in ann a áirithiú go gcomhlíonfar na ceanglais agus na prionsabail maidir le cosaint sonraí a leagtar síos i Rialachán (AE) **2018/1725** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón **gComhairle⁶⁹** agus i **dTreoir** (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁷¹, go háirithe na hoibleagáidí maidir le cosaint sonraí trí dhearadh agus réamhshocrú chomh maith le hardleibhéal cibearshlándála. Ba cheart bearta teicniúla iomchuí a bheith sna bogearraí cur chun feidhme tagartha freisin agus ba cheart dóibh na bearta eagraíochtúla is gá a chumasú chun leibhéal iomchuí slándála agus idir-inoibritheachta a áirithiú, agus é á chur san áireamh go bhféadfar catagóirí speisialta sonraí a mhalartú freisin. Ní phróiseálann an Coimisiún sonraí pearsanta i gcomhthéacs chruthú, chothabháil agus fhorbairt na mbogearraí cur chun feidhme tagartha sin.

⁶⁹ Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

⁷¹ Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le cosaint daoine nádúrtha i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ag údaráis inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle (IO L 119, 4.5.2016, lch. 89).

⁷¹ Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le cosaint daoine nádúrtha i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ag údaráis inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle (IO L 119, 4.5.2016, lch. 89).

Leasú 22

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 1 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

2. Beidh feidhm ag an Rialachán seo i ngach cás ina ***ndéantar*** imeachtaí coiriúla ***a aistriú san Aontas ón tráth a shainaithnítear duine mar dhuine atá faoi dhrochamhras.***

Leasú 23

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 2 – mír 1 – pointe 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(6) ciallaíonn ‘íospartach’ íospartach mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (a), de Threoir 2012/29/AE.

Leasú

2. Beidh feidhm ag an Rialachán seo i ngach cás ina ***n-aistrítear*** imeachtaí coiriúla ***atá á seoladh i mBallstáit an Aontais.***

Leasú

(6) ciallaíonn ‘íospartach’ íospartach mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (a), de Threoir 2012/29/AE, ***nó duine dlítheanach, mar a shainmhínítear sa dlí náisiúnta, dá ndearnadh díobháil nó caillteanas eacnamaíoch mar thoradh díreach ar chion coiriúil arb é is cuspóir***

d'imeachtaí coiriúla a bhfuil feidhm ag an Rialachán seo maidir leis.

Leasú 24

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 2**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

2. An dlínse arna bunú ag an Stát iarrtha go heisiach de bhua mhír 1, ní fhéadfar í a fheidhmiú ach amháin de bhun iarrata ar aistriú imeachtaí coiriúla.

Leasú

2. An dlínse arna bunú ag an Stát iarrtha go heisiach de bhua mhír 1, ní fhéadfar í a fheidhmiú ach amháin de bhun iarrata ar aistriú imeachtaí coiriúla ***faoin Rialachán seo.***

Leasú 25

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – teideal**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Imeachtaí coiriúla a tharscaoileadh, a chur ar fionraí nó a scor

Leasú

Imeachtaí coiriúla a tharscaoileadh, a chur ar fionraí nó a scor ***ag an Stát iarrtha***

Leasú 26

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 1**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

1. Ní fhéadfar iarraidh ar aistriú imeachtaí coiriúla a eisiúint ach amháin i gcás ina measann an t-údarás iarrthach gur fearr a dhéanfaí freastal ar an gcuspóir maidir le riar éifeachtúil cuí an cheartais trí na himeachtaí coiriúla ábhartha a sheoladh i mBallstát eile.

Leasú

Ní fhéadfar iarraidh ar aistriú imeachtaí coiriúla a eisiúint ach amháin i gcás ina measann an t-údarás iarrthach gur fearr a dhéanfaí freastal ar an gcuspóir maidir le riar éifeachtúil cuí an cheartais trí na himeachtaí coiriúla ábhartha a sheoladh i mBallstát eile ***agus go bhfuil sé comhréireach é sin a dhéanamh.***

Leasú 27

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 2 – pointe j

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

gur náisiúnaigh den Stát iarrtha nó cónaitheoirí sa Stát iarrtha **tromlach na n-íospartach**.

Leasú 28

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 2 – pointe j a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú 29

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 2 – pointe j b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú 30

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

3. Féadfaidh an duine atá faoi dhrochamhras nó an duine atá cúisithe, nó **tromlach na n-íospartach**, nó dlíodóir thar a gceann, iarraidh ar údaráis inniúla an Stáit iarrthaigh **nó an Stáit iarrtha nós**

Leasú

gur **náisiúnach nó** náisiúnaigh den Stát iarrtha nó **cónaitheoir nó** cónaitheoirí sa Stát iarrtha **an t-íospartach nó na h-íospartaigh**.

Leasú

(ja) thángthas ar chomhaontú maidir le comhchruinniú na n-imeachtaí comhthreomhara i mBallstát amháin mar thoradh ar na comhairliúcháin le húdaráis inniúla na mBallstát faoi Chinneadh Réime 2009/958/CGB.

Leasú

an gcuideodh aistriú na n-imeachtaí le cuspóirí ceartais aisiríoch a bhaint amach.

Leasú

3. Féadfaidh an duine atá faoi dhrochamhras nó an duine atá cúisithe, **an t-íospartach nó na híospartaigh**, nó dlíodóir thar a gceann iarraidh ar údaráis inniúla an Stáit iarrthaigh imeachtaí

imeachta a thionscnamh chun imeachtaí coiriúla a aistriú **faoi Rialachán** seo. Ní chruthóidh iarrataí arna ndéanamh faoin mír seo oibleagáid don Stát iarrthach nó don Stát iarrtha imeachtaí coiriúla a iarraidh ar an Stát iarrtha nó a aistriú chucu.

coiriúla a aistriú **faoi choinniollacha an Rialacháin** seo. **Má dhéantar an iarraidh sin ón duine atá faoi dhrochamhras nó ón duine atá cúisithe, nó ón íospartach nó ó na híospartaigh, nó dlíodóir ag gníomhú thar a gceann chuig an údarás inniúil sa Stát iarrthach, féadfaidh an t-údarás sin a chinneadh dul i gcomhairle leis an údarás inniúil sa Stát iarrtha i gcomhréir le hAirteagal 15(2).** Ní chruthóidh iarrataí arna ndéanamh faoin mír seo oibleagáid don Stát iarrthach nó don Stát iarrtha imeachtaí coiriúla a iarraidh ar an Stát iarrtha nó a aistriú chucu.

Leasú 31

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 6 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

2. Ar choinníoll nach mbainfeadh sé an bonn de rúndacht imscrúdaithe, cuirfear **in iúl don** duine atá faoi dhrochamhras nó atá cúisithe, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme, go bhfuil sé beartaithe imeachtaí coiriúla a aistriú, i dteanga a thuigeann siad, agus tabharfar deis dó a thuairim a chur in iúl ó bhéal nó i scríbhinn, mura rud é nach féidir an duine sin a aimsiú d’ainneoin iarrachtaí réasúnacha a bheith déanta ag an údarás iarrthach. I gcás ina measfaidh an t-údarás iarrthach gur gá sin i bhfianaise aois an duine atá faoi dhrochamhras nó an duine atá cúisithe nó i bhfianaise bhail choirp nó mheabhrach an duine sin, tabharfar an deis dá ionadaí dlíthiúil a thuairim a **lua**. I gcás ina ndéantar an iarraidh ar aistriú imeachtaí coiriúla tar éis iarraidh a fháil ón duine atá faoi dhrochamhras nó ón duine atá cúisithe faoi Airteagal 5(3), ní gá dul i gcomhairle den sórt sin leis an duine atá faoi dhrochamhras nó **leis** an duine atá cúisithe a rinne an iarraidh.

Leasú

2. Ar choinníoll nach mbainfeadh sé an bonn de rúndacht imscrúdaithe, **nó nach ndéanfaidh sé dochar don imscrúdú ar shlí eile, nó nach gcuirfeadh sé bac ar riar cuí an cheartais nó nach ndéanfaidh sé difear do chearta na n-íospartach,** cuirfear **an** duine atá faoi dhrochamhras nó **an duine** atá cúisithe, **ar tugadh fógra dó cheana go bhfuil sé faoi dhrochamhras nó go bhfuil coir curtha ina leith,** i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme, go bhfuil sé beartaithe imeachtaí coiriúla a aistriú, i dteanga a thuigeann siad, agus tabharfar deis dó a thuairim a chur in iúl ó bhéal nó i scríbhinn **roimh an aistriú atá beartaithe,** mura rud é nach féidir an duine sin a aimsiú **nó teagmháil a dhéanamh leis** d’ainneoin iarrachtaí réasúnacha a bheith déanta ag an údarás iarrthach. I gcás ina measfaidh an t-údarás iarrthach gur gá sin i bhfianaise aois an duine atá faoi dhrochamhras nó an duine atá cúisithe nó i bhfianaise bhail choirp nó mheabhrach an duine sin, tabharfar an deis dá ionadaí dlíthiúil a thuairim a **chur in iúl roimh an aistriú atá beartaithe.** I gcás ina

ndéantar an iarraidh ar aistriú imeachtaí coiriúla tar éis iarraidh a fháil ón duine atá faoi dhrochamhras nó ón duine atá cúisithe faoi Airteagal 5(3), ní gá dul i gcomhairle den sórt sin leis an duine atá faoi dhrochamhras nó an duine atá cúisithe a rinne an iarraidh.

Leasú 32

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 6 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

3. **Cuirfidh an t-údarás iarrthach tuairim an** duine atá faoi dhrochamhras nó an duine atá cúisithe dá dtagraítear i **mír 2** san áireamh agus cinneadh á dhéanamh **aige** maidir le haistriú imeachtaí coiriúla a iarraidh.

Leasú

3. **I gcás ina gcinnfidh** an duine atá faoi dhrochamhras nó an duine atá cúisithe **tuairim** dá dtagraítear i **mír 2 a chur in iúl, tabharfar í tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis don duine atá faoi dhrochamhras nó don duine atá cúisithe a bheith curtha ar an eolas faoin aistriú atá beartaithe agus an deis a thabhairt dó a thuairim a chur in iúl. Cuirfidh an t-údarás iarrthach an tuairim sin** san áireamh agus **déanfar í a chlárú agus** cinneadh á dhéanamh maidir le haistriú imeachtaí coiriúla a iarraidh.

Leasú 33

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 6 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

4. I gcás **ina bhfuil cinneadh déanta ag an údarás iarrtha i gcomhréir le hAirteagal 12(1), déanfaidh an t-údarás iarrthach, ar choinníoll nach mbainfeadh sé an bonn de rúndacht imscrúdaithe, an** duine atá faoi dhrochamhras nó atá cúisithe **a chur** ar an eolas láithreach, i dteanga a thuigeann siad, faoi eisiúint na hiarrata ar aistriú imeachtaí coiriúla **agus faoi ghlacadh nó diúltú an aistrithe ina dhiaidh sin ag an údarás iarrtha, mura rud é nach féidir an duine sin a aimsiú**

Leasú

4. I gcás **inar cuireadh** an duine atá faoi dhrochamhras nó **an duine** atá cúisithe ar an eolas **faoin aistriú atá beartaithe i gcomhréir le mír 2, cuirfidh an t-údarás iarrthach iad ar an eolas** láithreach **freisin**, i dteanga a thuigeann siad, faoi eisiúint na hiarrata ar aistriú imeachtaí coiriúla.

d'ainneoin iarrachtaí réasúnacha a bheith déanta ag an údarás iarrthach. Má tá cinneadh déanta ag an údarás iarrtha glacadh le haistriú imeachtaí coiriúla, cuirfear an duine atá faoi dhrochamhras nó atá cúisithe ar an eolas freisin faoina cheart chun leigheas dlí a fháil sa Stát iarrtha, lena n-áirítear faoi na teorainneacha ama don leigheas sin.

Leasú 34

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 7 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

2. Ar choinníoll nach mbainfeadh sé an bonn de rúndacht imscrúdaithe, **agus i gcás ina** bhfuil cónaí **ar an íospartach** sa Stát iarrthach, **curfear ar an eolas é**, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme, faoin aistriú atá beartaithe ar imeachtaí coiriúla, i dteanga a thuigeann **sé**, agus tabharfar deis **dó a thuairim a** chur in iúl ó bhéal nó i scríbhinn. I gcás ina measann an t-údarás iarrthach gur gá sin i bhfianaise aois an íospartaigh nó **a** bhail choirp nó mheabhrach, tabharfar an deis sin d'ionadaí dlíthiúil an íospartaigh.

Leasú 35

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 7 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

3. Cuirfidh an t-údarás iarrthach tuairim

Leasú

2. Ar choinníoll nach mbainfeadh sé an bonn de rúndacht imscrúdaithe **nó nach ndéanfadh sé dochar don imscrúdú ar shlí eile nó nach gcuirfeadh sé bac ar riar cuí an cheartais nó nach ndéanfadh sé difear do chearta na n-íospartach eile, cuirfear íospartaigh a** bhfuil cónaí **orthu** sa Stát iarrthach, **agus a fhaigheann an fhaisnéis a shonraítear in Airteagal 6(1), pointe (a) de Threoir 2012/29/AE, arna chur chun feidhme ag an dlí náisiúnta**, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme, **ar an eolas** faoin aistriú atá beartaithe ar imeachtaí coiriúla, i dteanga a thuigeann **siad**, agus tabharfar deis **dóibh a dtuairim a** chur in iúl ó bhéal nó i scríbhinn. I gcás ina measann an t-údarás iarrthach gur gá sin i bhfianaise aois an íospartaigh nó bhail choirp nó mheabhrach **an íospartaigh**, tabharfar an deis sin d'ionadaí dlíthiúil an íospartaigh.

3. Cuirfidh an t-údarás iarrthach tuairim

an íospartaigh dá dtagraítear i mír 2 san áireamh agus cinneadh á dhéanamh maidir le haistriú imeachtaí coiriúla a iarraidh.

an íospartaigh dá dtagraítear i mír 2 san áireamh agus *déanfar í a chlárú agus* cinneadh á dhéanamh maidir le haistriú imeachtaí coiriúla a iarraidh.

Leasú 36

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 7 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

4. I gcás *ina bhfuil cinneadh déanta ag an údarás iarrtha* i gcomhréir le *hAirteagal 12(1), déanfaidh* an t-údarás iarrthach, *ar choinníoll nach mbainfeadh sé an bonn de rúndacht imscrúdaithe, an t-íospartach a bhfuil cónaí air* sa Stát iarrthach *a chur* ar an eolas láithreach, i dteanga a thuigeann *siad, maidir le heisiúint* na hiarrata ar aistriú imeachtaí coiriúla *agus maidir le glacadh nó diúltú an aistrithe ag an údarás iarrtha ina dhiaidh sin. Má ghlac an t-údarás iarrtha le haistriú imeachtaí coiriúla, cuirfear an t-íospartach ar an eolas freisin faoina cheart chun leigheas dlí atá ar fáil sa Stát iarrtha, lena n-áirítear faoi na teorainneacha ama le haghaidh leigheas den sórt sin.*

Leasú 37

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Airteagal 8

An ceart chun leigheas dlí a fháil

1. *Beidh sé de cheart ag daoine atá faoi dhrochamhras, ag daoine atá cúisithe agus ag íospartaigh leigheasanna éifeachtacha dlí a fháil sa Stát iarrtha in aghaidh cinnidh glacadh le haistriú imeachtaí coiriúla.*

Leasú

4. I gcás *inar cuireadh an t-íospartach ar an eolas faoin aistriú atá beartaithe* i gcomhréir le *mír 2, cuirfidh* an t-údarás iarrthach an t-íospartach *sin atá ina chónaí* sa Stát iarrthach ar an eolas láithreach, i dteanga a thuigeann *sé, faoi eisiúint* na hiarrata ar aistriú imeachtaí coiriúla.

Leasú

scriosta

2. *Déanfar an ceart chun leigheas dlí a fháil a fheidhmiú os comhair cúirte sa Stát iarrtha i gcomhréir lena dlí.*

3. *Ní bheidh an teorainn ama chun leigheas dlí a lorg níos faide ná 20 lá ón dáta a fhaightear an fhaisnéis faoin gcinneadh dá dtagraítear in Airteagal 12(1).*

4. *I gcás ina n-eiseofar an iarraidh ar aistriú imeachtaí coiriúla tar éis dhíotáil an duine atá faoi dhrochamhras nó an duine atá cúisithe, beidh éifeacht fionraíochta ag an gcaingean ar leigheas dlí in aghaidh cinnidh glacadh le haistriú imeachtaí coiriúla.*

5. *Cuirfidh an t-údarás iarrtha an t-údarás iarrthach ar an eolas faoi na leigheasanna dlí atá á lorg faoin Airteagal seo.*

(Déantar Airteagal 15c d'Airteagal 8)

Leasú 38

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 9 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

1. Déanfar an iarraidh ar aistriú imeachtaí coiriúla a tharraingt suas agus úsáid á baint as an **deimhniú** a leagtar amach san Iarscríbhinn. Síneoidh an t-údarás iarrthach an **deimhniú** agus deimhneoidh sé go bhfuil a inneachar cruinn agus ceart.

Leasú

1. Déanfar an iarraidh ar aistriú imeachtaí coiriúla a tharraingt suas agus úsáid á baint as an **bhfoirm iarratais** a leagtar amach san Iarscríbhinn. Síneoidh an t-údarás iarrthach an **fhoirm iarratais** agus deimhneoidh sé go bhfuil a inneachar cruinn agus ceart.

Leasú 39

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 9 – mír 2 – pointe f

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(f) faisnéis faoi ghníomhartha nó bearta

Leasú

(f) faisnéis faoi ghníomhartha nó bearta

nós imeachta a bhfuil tionchar acu ar na himeachtaí coiriúla atá déanta sa Stát iarrthach;

nós imeachta a bhfuil tionchar acu ar na himeachtaí coiriúla atá déanta sa Stát iarrthach, ***lena n-áirítear aon bheart leanúnach sealadach comhéigneach agus an teorainn ama chun an beart sin a chur i bhfeidhm;***

Leasú 40

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 9 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

5. An ***deimhniú*** a bheidh líonta isteach dá dtagraítear i mír 1 agus, i gcás ina gcomhaontófar amhlaidh leis an údarás iarrtha, aon fhaisnéis eile i scríbhinn a bheidh ag gabháil leis an iarraidh ar aistriú imeachtaí coiriúla, aistrefar iad go teanga oifigiúil de chuid an Stáit iarrtha nó go haon teanga eile a nglacfaidh an Stát iarrtha léi i gcomhréir le hAirteagal 30(1), pointe (c).

Leasú

5. An ***fhoirm iarratais*** a bheidh líonta isteach dá dtagraítear i mír 1 agus, i gcás ina gcomhaontófar amhlaidh leis an údarás iarrtha, aon fhaisnéis eile i scríbhinn a bheidh ag gabháil leis an iarraidh ar aistriú imeachtaí coiriúla, aistrefar iad go teanga oifigiúil de chuid an Stáit iarrtha nó go haon teanga eile a nglacfaidh an Stát iarrtha léi i gcomhréir le hAirteagal 30(1), pointe (c).

Leasú 41

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 9 – mír 7 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

7a. Admhóidh an t-údarás iarrtha a luaithe is féidir go bhfuarthas an iarraidh.

Leasú 42

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 11 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Féadfaidh an t-údarás iarrthach an iarraidh ar aistriú imeachtaí coiriúla a tharraingt siar tráth ar bith sula bhfaighidh sé

Leasú

Féadfaidh an t-údarás iarrthach an iarraidh ar aistriú imeachtaí coiriúla a tharraingt siar tráth ar bith sula bhfaighidh sé

cinneadh an údaráis iarrtha glacadh leis an aistriú imeachtaí coiriúla i gcomhréir le hAirteagal 12.

cinneadh an údaráis iarrtha glacadh leis an aistriú imeachtaí coiriúla i gcomhréir le hAirteagal 12. ***Cuirfidh an t-údarás iarrthach an duine atá faoi dhrochamhras agus an duine atá cúisithe a cuireadh ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 6(2) agus an t-íospartach a cuireadh ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 7(2) faoin gcinneadh um tharraingt siar i dteanga a thuigeann siad.***

Leasú 43

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 12 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

1. Déanfaidh an t-údarás iarrtha cinneadh réasúnaithe maidir le glacadh leis an aistriú imeachtaí coiriúla agus cinnfidh sé, i gcomhréir lena dhlí náisiúnta, na bearta atá le déanamh ina leith.

Leasú

1. Déanfaidh an t-údarás iarrtha cinneadh réasúnaithe maidir le glacadh leis an aistriú imeachtaí coiriúla agus cinnfidh sé, i gcomhréir lena dhlí náisiúnta, na bearta atá le déanamh ina leith. ***Cuirfidh an t-údarás iarrtha an t-údarás iarrthach ar an eolas faoina chinneadh réasúnaithe i gcomhréir leis na teorainneacha ama a leagtar amach in Airteagal 14.***

Leasú 44

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 12 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

3. Má chinneann an t-údarás iarrtha an t-aistriú imeachtaí coiriúla a dhiúltú i gcomhréir le hAirteagal 13, cuirfidh sé an t-údarás iarrthach ar an eolas faoi na cúiseanna atá leis an diúltú sin. Cuirfear an duine atá faoi dhrochamhras nó an duine atá cúisithe agus an t-íospartach ar an eolas i gcomhréir le ***hAirteagal 6(4)*** agus ***Airteagal 7(4)*** faoi seach.

Leasú

3. Má chinneann an t-údarás iarrtha an t-aistriú imeachtaí coiriúla a dhiúltú i gcomhréir le hAirteagal 13, cuirfidh sé an t-údarás iarrthach ar an eolas faoi na cúiseanna atá leis an diúltú sin. Cuirfear an duine atá faoi dhrochamhras nó an duine atá cúisithe agus an t-íospartach ar an eolas i gcomhréir le ***hAirteagail 15(a)*** agus ***15b*** faoi seach.

Leasú 45

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 12 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

5. Nuair a **ghlacfaidh an t-údarás** iarrtha **le haistriú imeachtaí coiriúla**, déanfaidh an t-údarás iarrthach an bunchóip nó cóip dheimhnithe den cháschomhad nó codanna ábhartha de a chur ar aghaidh gan mhoill, maille lena n-aistriúchán i dteanga oifigiúil de chuid an Stáit iarrtha nó i dteanga ar bith eile a nglacfaidh an Stát iarrtha léi i gcomhréir le hAirteagal 30(1), pointe (c). I gcás inar gá, féadfaidh na húdaráis iarrthacha agus na húdaráis iarrtha dul i gcomhairle le chéile chun na doiciméid riachtanacha nó codanna de na doiciméid sin atá le cur ar aghaidh a chinneadh, **chomh maith lena n-aistriú**.

Leasú 46

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 13 – mír 1 – pointe a a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú 47

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 13 – mír 1 – pointe f

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(f) mura bhfuil dlínse ag an Stát iarrtha ar an gcion coiriúil. **D'fhéadfadh** dlínse **den sórt sin eascairt as** Airteagal 3.

Leasú

5. Nuair a **bheidh aistriú na n-imeachtaí coiriúla glactha ag an údarás** iarrtha, **agus i ndiaidh an cinneadh maidir leis an leigheas dlí a dhéanamh, agus sa chás in amháin**, déanfaidh an t-údarás iarrthach an bunchóip nó cóip dheimhnithe den cháschomhad nó codanna ábhartha de a chur ar aghaidh gan mhoill, maille lena n-aistriúchán i dteanga oifigiúil de chuid an Stáit iarrtha nó i dteanga ar bith eile a nglacfaidh an Stát iarrtha léi i gcomhréir le hAirteagal 30(1), pointe (c). I gcás inar gá, féadfaidh na húdaráis iarrthacha agus na húdaráis iarrtha dul i gcomhairle le chéile chun na doiciméid riachtanacha nó codanna de na doiciméid sin atá le cur ar aghaidh, **agus aistriúchán a dhéanamh orthu, a chinneadh,**.

Leasú

(aa) más ann do phribhléid faoi dhlí an Stáit iarrtha a fhágann nach féidir beart a dhéanamh;

Leasú

(f) mura bhfuil dlínse ag an Stát iarrtha ar an gcion coiriúil **i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, ná mura bhfuil** dlínse aige ar **bhonn** Airteagal 3.

Leasú 48

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 13 – mír 2 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

go bhfuil díolúine **nó pribhléid** ann faoi dhlí an Stáit iarrtha a fhágann nach féidir beart a dhéanamh;

Leasú

go bhfuil díolúine ann faoi dhlí an Stáit iarrtha a fhágann nach féidir beart a dhéanamh;

Leasú 49

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 13 – mír 2 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

go bhfuil an **deimhniú** dá dtagraítear in Airteagal 9(1) neamhiomlán nó gur follasach go bhfuil sé mícheart agus nár líonadh isteach ná nár ceartaíodh é tar éis an chomhairliúcháin dá dtagraítear i mír 3.

Leasú

go bhfuil an **fhoirm iarratais** dá dtagraítear in Airteagal 9(1) neamhiomlán nó gur follasach go bhfuil sé mícheart agus nár líonadh isteach ná nár ceartaíodh é tar éis an chomhairliúcháin dá dtagraítear i mír 3.

Amendment 50

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 15 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

2. **Féadfar** comhairliúcháin **a dhéanamh** freisin sula n-eiseofar an iarraidh ar aistriú imeachtaí coiriúla, go háirithe d'fhonn a chinneadh an bhfónfadh an t-aistriú do leasanna riar éifeachtúil cuí an cheartais. Chun aistriú imeachtaí coiriúla ón Stát iarrthach a mholadh, **féadfaidh** an t-údarás iarrtha **dul** i gcomhairle freisin leis an údarás iarrthach maidir leis an bhféidearthacht iarraidh ar aistriú imeachtaí coiriúla a eisiúint.

Leasú

2. **Déanfar** comhairliúcháin freisin sula n-eiseofar an iarraidh ar aistriú imeachtaí coiriúla, go háirithe d'fhonn a chinneadh an bhfónfadh an t-aistriú do leasanna riar éifeachtúil cuí an cheartais **agus an mbeadh sé comhréireach**. Chun aistriú imeachtaí coiriúla ón Stát iarrthach a mholadh, **rachaidh** an t-údarás iarrtha i gcomhairle freisin leis an údarás iarrthach maidir leis an bhféidearthacht iarraidh ar aistriú imeachtaí coiriúla a eisiúint.

Leasú 51

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 15 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

3. Nuair a théann an t-údarás iarrthach i gcomhairle leis an údarás iarrtha sula ndéantar iarraidh ar aistriú imeachtaí coiriúla, cuirfidh sé an fhaisnéis maidir leis na himeachtaí coiriúla ar fáil don údarás iarrtha agus féadfaidh sé í a sholáthar don údarás iarrtha trí úsáid a bhaint as **deimhniú** a leagtar amach san Iarscríbhinn.

Leasú 52

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 15 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

4. Tabharfar freagra gan **mhoill** ar iarrataí ar chomhairliúcháin.

Leasú 53

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 15 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

3. Nuair a théann an t-údarás iarrthach i gcomhairle leis an údarás iarrtha sula ndéantar iarraidh ar aistriú imeachtaí coiriúla, cuirfidh sé an fhaisnéis maidir leis na himeachtaí coiriúla ar fáil don údarás iarrtha agus féadfaidh sé í a sholáthar don údarás iarrtha trí úsáid a bhaint as **foirm iarratais** a leagtar amach san Iarscríbhinn.

Leasú

4. Tabharfar freagra gan **moill mhíchui** ar iarrataí ar chomhairliúcháin.

Leasú

Airteagal 15a

Faisnéis atá le soláthar don duine atá faoi dhrochamhras agus don duine atá cúisithe

1. ***I gcás ina bhfuil cinneadh déanta ag an údarás iarrtha i gcomhréir le hAirteagal 12(1) chun glacadh le haistriú imeachtaí, déanfaidh an t-údarás iarrthach, ar choinníoll nach mbainfeadh an t-aistriú sin an bonn de rúndacht imscrúdaithe nó nach ndéanfaidh sé dochar don imscrúdú ar shlí eile, an duine atá faoi dhrochamhras nó an duine***

atá cúisithe a chur ar an eolas láithreach, i dteanga a thuigeann an duine sin atá faoi dhrochamhras nó an duine sin atá cúisithe, maidir leis an aistriú arna ghlacadh ag an údarás iarrtha mura rud é nach féidir an duine sin a aimsiú nó teagmháil a dhéanamh leis d'ainneoin iarrachtaí réasúnacha a bheith déanta ag an údarás iarrtha. Cuirfidh an t-údarás iarrtha cóip den chinneadh réasúnaithe lena nglactar le haistriú na n-imeachtaí ar fáil don duine atá faoi dhrochamhras nó don duine atá cúisithe. Cuirfidh an t-údarás iarrtha an duine atá faoi dhrochamhras nó an duine atá cúisithe ar an eolas freisin faoina cheart chun leigheas éifeachtach dlí a fháil sa Stát iarrtha, lena n-áirítear faoi na teorainneacha ama don leigheas sin, ach amháin murar féidir an duine sin atá faoi dhrochamhras nó an duine sin atá cúisithe a aimsiú nó teagmháil a dhéanamh leis, d'ainneoin iarrachtaí réasúnacha a bheith déanta ag an údarás iarrtha. I gcás inarb iomchuí, féadfaidh an t-údarás iarrtha cúnaimh a lorg ón údarás iarrthach chun na cúraimí dá dtagraítear sa mhír seo a dhéanamh.

2. I gcás ina bhfuil cinneadh déanta ag an údarás iarrtha i gcomhréir le hAirteagal 12(3) an t-aistriú imeachtaí a dhiúltú, déanfaidh an t-údarás iarrthach, ar choinníoll nach mbainfeadh an t-aistriú sin an bonn de rúndacht imscrúdaithe ná nach ndéanfaidh sé dochar in aon slí eile don imscrúdú, an duine atá faoi dhrochamhras nó an duine atá cúisithe, ar tugadh fógra dó cheana go bhfuil sé faoi dhrochamhras nó go bhfuil coir curtha ina leith, a chur ar an eolas gan moill mhíchuí, i dteanga a thuigeann an duine atá faoi dhrochamhras nó an duine atá cúisithe, faoin gcinneadh maidir le diúltú an aistrithe ina dhiaidh sin arna dhéanamh ag an údarás iarrtha, mura rud é nach féidir an duine sin a aimsiú nó teagmháil a dhéanamh leis, d'ainneoin iarrachtaí réasúnacha a bheith déanta ag an údarás

iarrthach. I gcás inarb iomchuí, féadfaidh an t-údarás iarrthach cúnamh a lorg ón údarás iarrtha chun na cúraimí dá dtagraítear sa mhír seo a dhéanamh.

Leasú 54

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 15 b (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

Airteagal 15b

Faisnéis atá le soláthar don íospartach

1. I gcás ina bhfuil cinneadh déanta ag an údarás iarrtha i gcomhréir le hAirteagal 12(1) glacadh le haistriú na n-imeachtaí agus ar choinníoll nach mbainfeadh an t-aistriú sin an bonn de rúndacht imscrúdaithe nó nach ndéanfadh sé dochar ar shlí eile don imscrúdú, déanfaidh an t-údarás iarrtha, gan moill mhíchuí, an t-íospartach a fhaigheann an fhaisnéis maidir leis na himeachtaí coiriúla i gcomhréir le Treoir 2012/29/AE, arna cur chun feidhme ag an dlí náisiúnta i dteanga a thuigeann an t-íospartach, a chur ar an eolas faoi ghlacadh an aistrithe ag an údarás iarrtha, mura rud é nach féidir an t-íospartach sin a aimsiú nó teagmháil a dhéanamh leis a thuilleadh, d'ainneoin iarrachtaí réasúnacha a bheith déanta ag an údarás iarrtha. Cuirfidh an t-údarás iarrtha an t-íospartach ar an eolas freisin faoina cheart nó faoina ceart chun leigheas éifeachtach dlí a fháil sa Stát iarrtha, lena n-áirítear maidir leis na teorainneacha ama don leigheas sin. I gcás inarb iomchuí, féadfaidh an t-údarás iarrtha cúnamh a lorg ón údarás iarrthach chun na cúraimí dá dtagraítear sa mhír seo a dhéanamh.

2. I gcás ina bhfuil cinneadh déanta ag an údarás iarrtha i gcomhréir le hAirteagal 12(3) chun aistriú na n-imeachtaí a dhiúltú, déanfaidh an t-

údarás iarrtha, ar choinníoll nach mbainfeadh an t-aistriú sin an bonn de rúndacht imscrúdaithe nó nach ndéanfaidh sé dochar ar shlí eile don imscrúdú, gan moill mhíchúí, an t-íospartach a d'iarr faisnéis a fháil maidir leis na himeachtaí coiriúla i gcomhréir le Treoir 2012/29/AE, i dteanga a thuigeann an t-íospartach sin, a chur ar an eolas faoi dhiúltú an aistrithe ag an údarás iarrtha, mura rud é nach féidir an t-íospartach sin a aimsiú nó teagmháil a dhéanamh leis a thuilleadh. I gcás inarb iomchúí, féadfaidh an t-údarás iarrthach cúnamh a lorg ón údarás iarrtha chun na cúraimí dá dtagraítear sa mhír seo a dhéanamh.

Leasú 55

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 15 c (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

Airteagal 15c

Ceart chun leigheas éifeachtach dlí a fháil

- 1. Beidh sé de cheart ag daoine atá faoi dhrochamhras, daoine atá cúisithe agus íospartaigh leigheasanna éifeachtacha dlí a fháil sa Stát iarrtha in aghaidh cinnidh glacadh le haistriú imeachtaí coiriúla.***
- 2. Déanfar an ceart chun leigheas éifeachtach dlí a fháil a fheidhmiú os comhair cúirte sa Stát iarrtha i gcomhréir lena dhlí infheidhme náisiúnta. Scrúdóidh an chúirt bailíocht an chinnidh glacadh le haistriú imeachtaí coiriúla i bhfianaise fhorálacha ábhartha an Rialacháin seo agus, i gcás inar féidir, déanfaidh sí a cinneadh maidir leis an leigheas dlí laistigh de 60 lá.***
- 3. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfaighidh daoine atá faoi***

dhrochamhras, daoine atá cúisithe agus íospartaigh an cinneadh maidir le glacadh le haistriú agus go mbeidh ceart rochtana acu freisin ar gach doiciméad a bhí mar bhonn leis an gcinneadh glacadh le haistriú faoin Rialachán seo.

D'fhéadfadh an rochtain sin a bheith teoranta i gcás ina mbainfeadh sé an bonn de rúndacht imscrúdaithe, nó ina ndéanfadh sé dochar ar shlí eile don imscrúdú. Comhlíonfaidh na Ballstáit freisin aon oibleagáidí eile níos imeachta atá riachtanach chun ceart na ndaoine atá faoi dhrochamhras, na ndaoine atá cúisithe agus na n-íospartach chun leigheas éifeachtach a fháil a fheidhmiú go héifeachtach.

4. Ní bheidh an teorainn ama chun leigheas dlí a lorg níos faide ná 14 lá ón dáta a fhaightear an fhaisnéis faoin gcinneadh maidir le haistriú imeachtaí coiriúla a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 12. Déanfaidh an chúirt sa Stát iarrtha a cinneadh maidir leis an leigheas dlí gan moill mhíchuí agus, i gcás inar féidir, laistigh de 60 lá.

5. I gcás ina n-eiseofar an iarraidh ar aistriú imeachtaí coiriúla tar éis dhíotáil an duine atá faoi dhrochamhras nó an duine atá cúisithe, beidh éifeacht fionraíochta ag an gcaingean ar leigheas dlí in aghaidh cinnidh glacadh le haistriú imeachtaí coiriúla.

6. Cuirfidh an t-údarás iarrtha an t-údarás iarrthach ar an eolas faoi na leigheasanna éifeachtacha dlí atá á lorg faoin Airteagal seo agus faoi thoradh deiridh na leigheasanna dlí sin laistigh de 5 lá ón tráth a dhéantar an cinneadh maidir leis na leigheasanna dlí.

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Féadfaidh na húdaráis iarrthacha agus na húdaráis iarrtha, ag céim ar bith den nós imeachta, cúnamh a iarraidh ar Eurojust nó ar an nGréasán Breithiúnach Eorpach i gcomhréir lena n-inniúlachtaí faoi seach. Go háirithe, i gcás inarb iomchuí, féadfaidh Eurojust na comhairliúcháin dá dtagraítear in *Airteagal 12(2)*, *Airteagal 13(3)*, *Airteagal 15* agus *Airteagal 17(2)* a éascú.

Leasú 57

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 19 – mír 2 – pointe b**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(b) bearta imscrúdaitheacha nó bearta nós imeachta eile is gá a choinneáil ar bun, lena n-áirítear bearta chun cosc a chur ar an duine atá faoi dhrochamhras nó ar an duine atá cúisithe éalú, ar bearta iad a glacadh roimhe sin agus a bhfuil gá leo chun cinneadh a fhorfheidhmiú bunaithe ar Chinneadh Réime 2002/584/CGB nó ar ionstraim eile aitheantais fhrithpháirtigh nó iarraidh ar chúnamh dlíthiúil frithpháirteach.

Leasú 58

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 19 – mír 2 – pointe b a (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

Féadfaidh na húdaráis iarrthacha agus na húdaráis iarrtha, ag céim ar bith den nós imeachta, cúnamh a iarraidh ar Eurojust nó ar an nGréasán Breithiúnach Eorpach i gcomhréir lena n-inniúlachtaí faoi seach. Go háirithe, i gcás inarb iomchuí, féadfaidh Eurojust na comhairliúcháin dá dtagraítear in *Airteagail 9(7)*, *12(2)*, *12(5)*, *13(3)*, *15* agus *17(2)* agus *Airteagal 19* a éascú.

Leasú

bearta imscrúdaitheacha nó bearta nós imeachta eile is gá a choinneáil ar bun, lena n-áirítear bearta chun cosc a chur ar an duine atá faoi dhrochamhras nó ar an duine atá cúisithe éalú, ar bearta iad a glacadh roimhe sin agus a bhfuil gá leo chun cinneadh a fhorfheidhmiú bunaithe ar Chinneadh Réime 2002/584/CGB nó ar ionstraim eile aitheantais fhrithpháirtigh nó iarraidh ar chúnamh dlíthiúil frithpháirteach; *féadfar na bearta sin a choimeád freisin más rud é nár eisíodh an iarraidh ar aitheantas frithpháirteach go fóill, ar choinníoll gur dócha go n-eiseofar é gan moill mhíchuí a luaithe a ghlacfar leis an iarraidh ar aistriú.*

Leasú

(ba) *comhordú a dhéanamh, tar éis imeachtaí coiriúla a aistriú, leis an údarás*

iarrtha, agus le rannpháirtíocht luath Eurojust, maidir le bearta sealadacha a rinneadh roimh an aistriú.

Leasú 59

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 19 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

3. Féadfaidh an t-údarás iarrthach leanúint d'imeachtaí coiriúla nó iad a athoscailt, má chuireann an t-údarás iarrtha é ar an eolas faoina chinneadh scor d'imeachtaí coiriúla a bhaineann leis na fórais is bonn leis an iarraidh ar imeachtaí coiriúla a aistriú, mura rud é go gcuireann an cinneadh sin, faoi dhlí náisiúnta an Stáit iarrtha, bac ar thuilleadh ionchúisimh agus, dá bhrí sin, go gcoisctear imeachtaí coiriúla breise, i leith na ngníomhartha céanna, sa Stát iarrtha.

Leasú

3. Féadfaidh an t-údarás iarrthach leanúint d'imeachtaí coiriúla nó iad a athoscailt, má chuireann an t-údarás iarrtha é ar an eolas faoina chinneadh scor d'imeachtaí coiriúla a bhaineann leis na fórais is bonn leis an iarraidh ar imeachtaí coiriúla a aistriú, mura rud é go gcuireann an cinneadh sin, faoi dhlí náisiúnta an Stáit iarrtha, bac ***cinntitheach*** ar thuilleadh ionchúisimh, agus ***gur tugadh é tar éis cinneadh a dhéanamh ar thuillteanais an cháis, agus***, dá bhrí sin, go gcoisctear imeachtaí coiriúla breise, i leith na ngníomhartha céanna, sa Stát iarrtha. ***Beidh aon chinneadh maidir le leanúint d'imeacht atá ar fionraí nó scortha sa Stát iarrthach nó maidir lena athoscailt faoi réir athbhreithniú breithiúnach. Cinnfear an t-athbhreithniú breithiúnach agus an nós imeachta i gcomhréir le dlí náisiúnta an Stáit iarrthaigh agus áiritheofar leo go ndéanfar measúnú neamhspleách ar urramú an phrionsabail ne bis in idem.***

Leasú 60

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 19 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

4. Ní dhéanfaidh mír 3 difear do cheart íospartach imeachtaí coiriúla a thionscnamh nó a iarraidh go n-athosclófaí imeachtaí coiriúla in aghaidh an duine atá faoi dhrochamhras nó atá cúisithe sa Stát

Leasú

4. Ní dhéanfaidh mír 3 difear do cheart íospartach imeachtaí coiriúla a thionscnamh nó a iarraidh go n-athosclófaí imeachtaí coiriúla in aghaidh an duine atá faoi dhrochamhras nó ***an duine*** atá cúisithe

iarrthach, nuair a fhoráiltear amhlaidh le dlí náisiúnta an Stáit sin, mura rud é go gcuireann cinneadh an údaráis iarrtha scor d'imeachtaí coiriúla, faoi dhlí náisiúnta an Stáit iarrtha, bac cinntitheach ar **ionchúiseamh breise** agus, dá bhrí sin, go gcoisctear imeachtaí coiriúla breise, i leith na ngníomhartha céanna, sa Stát sin.

sa Stát iarrthach, nuair a fhoráiltear amhlaidh le dlí náisiúnta an Stáit sin, mura rud é go gcuireann cinneadh an údaráis iarrtha scor d'imeachtaí coiriúla, faoi dhlí náisiúnta an Stáit iarrtha, bac cinntitheach ar **thuilleadh ionchúisimh** agus **gur tugadh é tar éis cinneadh a dhéanamh ar thuillteanais an cháis agus**, dá bhrí sin, go gcoisctear imeachtaí coiriúla breise, i leith na ngníomhartha céanna, sa Stát sin. **Beidh aon chinneadh maidir le leanúint d'imeacht atá ar fionraí nó scortha sa Stát iarrthach nó maidir lena athoscailt faoi réir athbhreithniú breithiúnach. Cinnfear an t-athbhreithniú breithiúnach agus an nós imeachta de réir dhlí náisiúnta an Stáit iarrthaigh.**

Leasú 61

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 20 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

2. Ar choinníoll nach bhfuil sé contrártha do phrionsabail bhunúsacha dhlí an Stáit iarrtha, beidh an bhailíocht chéanna sa Stát iarrtha ag aon ghníomh a dhéantar chun críocha na n-imeachtaí coiriúla nó na réamhfhiosrúcháin arna ndéanamh ag údaráis inniúla sa Stát iarrthach **nó ag aon ghníomh lena gcuirtear isteach ar an tréimhse teorann nó lena gcuirtear ar fionraí an tréimhse teorann** amhail is dá mba rud é go ndearna a údaráis féin é go bailí.

Leasú 62

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 20 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

2. Ar choinníoll nach bhfuil sé contrártha do phrionsabail bhunúsacha dhlí an Stáit iarrtha, beidh an bhailíocht chéanna sa Stát iarrtha ag aon ghníomh a dhéantar chun críocha na n-imeachtaí coiriúla nó na réamhfhiosrúcháin arna ndéanamh ag údaráis inniúla sa Stát iarrthach amhail is dá mba rud é go ndearna a údaráis féin é go bailí.

2a. Ní bheidh an bhailíocht chéanna ag aon ghníomh a bhriseann nó a chuireann

an tréimhse theorann ar fionraí sa Stát iarrtha ach amháin má cháilíonn an gníomh sin mar ghníomh lena mbristear nó lena gcuirtear ar fionraí an tréimhse theorann faoin dlí náisiúnta.

Leasú 63

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 20 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

3. Maidir le fianaise arna haistriú ag an údarás iarrthach, ní dhiúltófar í a ghlacadh in imeachtaí coiriúla sa Stát iarrtha ar an bhforas amháin gur bailíodh an fhianaise i mBallstát eile. Féadfar an fhianaise a bhailítear sa Stát iarrthach a úsáid in imeachtaí coiriúla sa Stát iarrtha, ar choinníoll nach bhfuil inghlacthacht na fianaise sin contrártha do phrionsabail bhunúsacha dhlí an Stáit iarrtha.

Leasú

3. Maidir le fianaise arna haistriú ag an údarás iarrthach, ní dhiúltófar í a ghlacadh in imeachtaí coiriúla sa Stát iarrtha ar an bhforas amháin gur bailíodh an fhianaise i mBallstát eile. Féadfar an fhianaise a bhailítear **agus atá inghlactha** sa Stát iarrthach a úsáid in imeachtaí coiriúla sa Stát iarrtha, ar choinníoll nach bhfuil inghlacthacht na fianaise sin contrártha do phrionsabail bhunúsacha dhlí an Stáit iarrtha. **Coinneofar an rogha bhreithiúnach chun measúnú a dhéanamh ar an bhfianaise sin ag an gcúirt sa Stát iarrtha.**

Leasú 64

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 20 – mír 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

3a. *Áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil leigheasanna éifeachtacha i bhfeidhm sa Stát iarrtha chun inghlacthacht fianaise a mheas. Gan dochar do mhír 3, cuirfidh an Stát iarrtha leigheas rathúil san áireamh maidir le bailiú, inghlacthacht nó tarchur na fianaise sa Stát inar bailíodh an fhianaise.*

Leasú

3a. *Áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil leigheasanna éifeachtacha i bhfeidhm sa Stát iarrtha chun inghlacthacht fianaise a mheas. Gan dochar do mhír 3, cuirfidh an Stát iarrtha leigheas rathúil san áireamh maidir le bailiú, inghlacthacht nó tarchur na fianaise sa Stát inar bailíodh an fhianaise.*

Leasú 65

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 20 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

4. Ar choinníoll go n-eiseofar pianbhreith choimeádta nó ordú coinneála sa Stát iarrtha, bainfidh an Stát iarrtha gach tréimhse choinneála a caitheadh sa Stát iarrthach, agus a forchuireadh i gcomhthéacs na n-imeachtaí coiriúla aistriithe, ó thréimhse iomlán na coinneála atá le caitheamh sa Stát iarrtha mar thoradh ar eisiúint pianbhreithe coimeádta nó ordú coinneála. Chuige sin, déanfaidh an t-údarás iarrthach gach faisnéis a bhaineann leis an tréimhse choinneála a chaith an duine atá faoi dhrochamhras nó an duine atá cúisithe sa Stát iarrthach a tharchur chuig an údarás iarrtha.

Leasú

4. Ar choinníoll go n-eiseofar pianbhreith choimeádta nó ordú coinneála sa Stát iarrtha, bainfidh an Stát iarrtha gach tréimhse choinneála a caitheadh sa Stát iarrthach, agus a forchuireadh i gcomhthéacs na n-imeachtaí coiriúla aistriithe, ó thréimhse iomlán na coinneála atá le caitheamh sa Stát iarrtha mar thoradh ar eisiúint pianbhreithe coimeádta nó ordú coinneála. Chuige sin, déanfaidh an t-údarás iarrthach gach faisnéis a bhaineann leis an tréimhse choinneála a chaith an duine atá faoi dhrochamhras nó an duine atá cúisithe sa Stát iarrthach a tharchur chuig an údarás iarrtha. ***Ar an gcuma chéanna, i gcás ina ndéanfar duine a choinneáil ar feitheamh imeachtaí sa Stát iarrtha, cuirfear gach tréimhse choinneála a chaitear sa Stát iarrthach san áireamh chun aon uastréimhsí coinneála is infheidhme maidir le coinneáil den sórt sin a chinneadh, chun measúnú a dhéanamh ar chomhréireacht an bhirt sin sa Stát iarrtha, mura rud é go gcinneann an t-údarás inniúil sa Stát iarrtha go bhfágfar an tréimhse choinneála sin ar fad nó cuid di ar lár, de réir an dlí náisiúnta, mura bhfuil údar cuí leis i bhfianaise iompar an duine chiontaithe tar éis an chionna.***

Leasú 66

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 21 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Cuirfidh an t-údarás iarrtha an t-údarás iarrthach ar an eolas faoi scor d'imeachtaí coiriúla nó faoi aon chinneadh a tugadh ag deireadh na n-imeachtaí coiriúla, lena n-áirítear má chuireann an cinneadh sin, faoi

Leasú

Cuirfidh an t-údarás ***inniúil a eisíonn an cinneadh deiridh sa Bhallstát*** iarrtha an t-údarás iarrthach ar an eolas faoi scor d'imeachtaí coiriúla nó faoi aon chinneadh a tugadh ag deireadh na n-imeachtaí

dhlí náisiúnta an Stáit iarrtha, bac cinntitheach ar ionchúiseamh breise agus, dá bhrí sin, go gcuireann sé bac ar imeachtaí coiriúla breise, i leith na ngníomhartha céanna, sa Stát sin nó faoi fhaisnéis eile a bhfuil luach substaintiúil ag baint léi. Cuirfidh sé cóip den chinneadh i scríbhinn arna thabhairt ag deireadh na n-imeachtaí coiriúla ar aghaidh chuig an údarás iarrthach.

Leasú 67

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 22 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

1. Maidir le cumarsáid faoin Rialachán seo, lena n-áirítear malartú **deimhnithe** a leagtar amach san Iarscríbhinn, an cinneadh dá dtagraítear in Airteagal 12(1) agus doiciméid eile dá dtagraítear in Airteagal 12(5), idir na húdaráis iarrthacha agus na húdaráis iarrtha agus le rannpháirtíocht na n-údarás lárnach, i gcás inar ainmnigh Ballstát údarás lárnach i gcomhréir le hAirteagal 18, chomh maith le Eurojust, déanfar í i gcomhréir le hAirteagal 3 de Rialachán (AE).../... **[an Rialachán maidir le Digiteáil]**.

Leasú 68

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 22 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

2. **Airteagal 9(1)** agus (2) agus **Airteagail 10** agus **15** de Rialachán (AE).../... **[an Rialachán maidir le Digiteáil]** lena leagtar amach rialacha maidir le ríomhshínithe agus ríomhshéalaí, éifeachtaí dlíthiúla ríomhdhoiciméad agus cosaint faisnéise arna tarchur, beidh feidhm

coiriúla, lena n-áirítear má chuireann an cinneadh sin, faoi dhlí náisiúnta an Stáit iarrtha, bac cinntitheach ar ionchúiseamh breise agus, dá bhrí sin, go gcuireann sé bac ar imeachtaí coiriúla breise, i leith na ngníomhartha céanna, sa Stát sin nó faoi fhaisnéis eile a bhfuil luach substaintiúil ag baint léi. Cuirfidh sé cóip den chinneadh i scríbhinn arna thabhairt ag deireadh na n-imeachtaí coiriúla ar aghaidh chuig an údarás iarrthach.

Leasú

1. Maidir le cumarsáid faoin Rialachán seo, lena n-áirítear malartú **na foirme iarratais** a leagtar amach san Iarscríbhinn, an cinneadh dá dtagraítear in Airteagal 12(1) agus doiciméid eile dá dtagraítear in Airteagal 12(5), idir na húdaráis iarrthacha agus na húdaráis iarrtha agus le rannpháirtíocht na n-údarás lárnach, i gcás inar ainmnigh Ballstát údarás lárnach i gcomhréir le hAirteagal 18, chomh maith le Eurojust, déanfar í i gcomhréir le hAirteagal 3 de Rialachán (AE) **2023/2844**.

Leasú

2. **Airteagal 7(1)** agus (2) agus **Airteagail 8** agus **14** de Rialachán (AE) **2023/2844** lena leagtar amach rialacha maidir le ríomhshínithe agus ríomhshéalaí, éifeachtaí dlíthiúla ríomhdhoiciméad agus cosaint faisnéise arna tarchur, beidh feidhm ag na hAirteagail sin maidir leis an

ag na hAirteagail sin maidir leis an gcumarsáid a dhéanfar tríd an gcóras TF díláraithe.

gcumarsáid a dhéanfar tríd an gcóras TF díláraithe.

Leasú 69

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 23 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

1. **Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, an córas TF díláraithe a bhunú chun** críocha an Rialacháin seo, **ina leagfar** amach an méid seo a leanas:

Leasú

1. Chun críocha an Rialacháin seo, **glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a mhéid a bhaineann leis an gcóras TF díláraithe dá dtagraítear in Airteagal 3(1) de Rialachán (AE) 2023/2844, lena leagtar** amach an méid seo a leanas:

Leasú 70

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 27 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

1. Baileoidh na Ballstáit staidreamh **cuimsitheach** go tráthrialta chun faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo ag an gCoimisiún. **Déanfaidh siad** an staidreamh sin **a choinneáil ar bun, agus cuirfidh siad chuig an gCoimisiún é gach bliain. Féadfaidh siad** na sonraí pearsanta is gá a phróiseáil chun an staidreamh a tháirgeadh. **Áireofar an méid a leanas leis an staidreamh** sin:

Leasú

1. Baileoidh na Ballstáit staidreamh go tráthrialta chun **críche** faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo ag an gCoimisiún. **Baileofar** an staidreamh sin **tríd an gcóras TF díláraithe arna bhunú le Rialachán (AE) 2023/2844 agus má tá siad ar fáil ar leibhéal lárnach sa Bhallstát lena mbaineann agus sa chás sin amháin. Féadfar** na sonraí pearsanta is gá a phróiseáil chun an staidreamh a tháirgeadh. **Is iad seo a leanas na staitisticí** sin:

Leasú 71

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 28 – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasuithe ar an *deimhniú*

Leasú 72

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 30 – mír 2**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

2. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis a fuarthas faoi mhír 1 ar fáil go poiblí, ar shuíomh gréasáin tiomnaithe nó *ar* shuíomh gréasáin an Ghréasáin Bhreithiúnaigh Eorpaigh arna chruthú le Cinneadh 2008/976/CGB ón gComhairle⁷⁶.

⁷⁶ Cinneadh 2008/976/CGB ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir leis an nGréasán Breithiúnach Eorpach (IO L 348, 24.12.2008, lch. 130).

Leasú

Leasuithe ar an *bhfoirm iarratais*

Leasú

2. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis a fuarthas faoi mhír 1 ar fáil go poiblí *agus cothrom le dáta*, ar shuíomh gréasáin tiomnaithe nó *sa limistéar neamhshrianta de* shuíomh gréasáin an Ghréasáin Bhreithiúnaigh Eorpaigh arna chruthú le Cinneadh 2008/976/CGB ón gComhairle⁷⁶.

⁷⁶ Cinneadh 2008/976/CGB ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir leis an nGréasán Breithiúnach Eorpach (IO L 348, 24.12.2008, lch. 130).

